



Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 21 Aibreán 2023
(OR. en)

8484/23

**Comhad Idirinstitiúideach:
2023/0113(COD)**

**EF 107
ECOFIN 355
CODEC 654**

TOGRA

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	19 Aibreán 2023
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2023) 229 final
Ábhar:	Togra le haghaidh TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Treoir 2014/59/AE agus Rialachán (AE) Uimh. 806/2014 a mhéid a bhaineann le gnéithe áirithe den íoscheanglas le haghaidh cistí dílse agus dliteanais incháilithe

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2023) 229 final.

Faoi iamh: COM(2023) 229 final



AN COIMISIÚN
EORPACH

Strasbourg, 18.4.2023
COM(2023) 229 final

2023/0113 (COD)

Togra le haghaidh

TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

lena leasaítear Treoir 2014/59/AE agus Rialachán (AE) Uimh. 806/2014 a mhéid a bhaineann le gnéithe áirithe den íoscheanglas le haghaidh cistí dílse agus dliteanais incháilithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHÉACS AN TOGRA

• Forais agus cuspóirí an togra

Na leasuithe atá beartaithe ar Threoir 2014/59/AE¹ (an Treoir maidir le Téarnamh agus Réiteach na mBanc nó BRRD) agus ar Rialachán (AE) Uimh. 806/2014² (an Rialachán maidir leis an Sásra Réitigh Aonair nó an Rialachán maidir le SRA), tá siad ina gcuid den phacáiste reachtach maidir le bainistiú géarchéime agus árachas taiscí lena n-áirítear leasuithe breise ar na gníomhartha sin agus ar Threoir 2014/49/AE³ freisin (an Treoir maidir le Scéimeanna Ráthaithe Taiscí nó DGSD).

Tá creat bainistíochta géarchéime an Aontais seanbhunaithe, mar sin féin, léiríodh le heachtraí a tharla le déanaí maidir le teipeanna banc go bhfuil gá le feabhsuithe. Is é is aidhm d'athchóiriú CMDI cur le cuspóirí an chreata bainistíochta géarchéime agus cur chuige níos comhsheasmhaí i leith réitigh a áirithiú, ionas gur féidir le haon bhanc anásta imeacht ón margadh ar bhealach ordúil, agus cobhsaíocht airgeadais agus airgead na gcáiníocóirí a chaomhnú mar aon le muinín taisceoirí a áirithiú an tráth céanna. Go háirithe, ní mór an creat réitigh atá ann cheana do bhainc bheaga agus mheánmhéide a neartú i ndáil lena cheapadh, lena chur chun feidhme agus, níos tábhachtaí fós, le dreasachtaí chun é a chur i bhfeidhm, ionas gur féidir é a chur i bhfeidhm ar bhealach níos inchreidte maidir leis na bainc sin.

Tar éis na ngéarchéimeanna domhanda airgeadais agus fiachais cheannasaigh, rinne an tAontas gníomhaíochtaí cinntitheacha, i gcomhréir le hiarrataí idirnáisiúnta ar athchóiriú, chun earnáil airgeadais níos sábháilte a chruthú do mhargadh aonair an Aontais. Ar na gníomhaíochtaí sin bhí na huirlisí agus na cumhachtaí a sholáthar d'údarais chun teip aon bhainc a láimhseáil ar bhealach ordúil agus cobhsaíocht airgeadais, airgeadas poiblí agus cosaint taisceoirí a chaomhnú an tráth céanna.

Rinneadh athchóiriú ar chreat an Aontais bunaithe den chuid is mó ar chaighdeán dhomhanda a comhaontaíodh le comhpháirtithe idirnáisiúnta an Aontais. Tá ceithre phríomhthéacs reachtacha de chuid an Aontais ann a glacadh in 2013 agus in 2014 agus iad ag gníomhú in éineacht leis an reachtaíocht náisiúnta ábhartha: rialachán agus treoir maidir le ceanglais stuamachta i gcomhair institiúidí agus i ndáil le maoirseacht a dhéanamh orthu (an Rialachán maidir le Ceanglais Chaipitil (CRR⁴) agus an Treoir maidir le Ceanglais Chaipitil (CRD⁵)), BRRD agus an Rialachán maidir le SRA.

¹ Treoir 2014/59/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 lena mbunaítear creat um théarnamh agus réiteach na n-institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta agus lena leasaítear Treoir 82/891/CEE ón gComhairle, agus Treoracha 2001/24/CE, 2002/47/CE, 2004/25/CE, 2005/56/CE, 2007/36/CE, 2011/35/AE, 2012/30/AE agus 2013/36/AE, agus Rialacháin (AE) Uimh. 1093/2010 agus (AE) Uimh. 648/2012, ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 173, 12.6.2014, lch. 190).

² Rialachán (AE) Uimh. 806/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Iúil 2014 lena mbunaítear rialacha aonfhoirmeacha agus nós imeachta aonfhoirmeach maidir le réiteach institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta áirithe faoi chuimsiú Sásra Réitigh Aonair agus Ciste Réitigh Aonair agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 (IO L 225, 30.7.2014, lch. 1).

³ Treoir 2014/49/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 maidir le scéimeanna ráthaíochta taiscí, (IO L 173, 12.6.2014, lch. 149).

⁴ Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le ceanglais stuamachta i gcomhair institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 (IO L 176, 27.6.2013, lch. 1).

Le pacáiste baincéireachta 2019, rinneadh athbhreithniú ar an reachtaíocht trí bhearta a thabhairt isteach lena gcomhlíontar gealltanais an Aontais a rinneadh i bhfóiraim idirnáisiúnta⁶ chun céimeanna breise a ghlacadh chun an tAontas Baincéireachta a thabhairt chun críche trí bhearta inchreidte laghdaithe riosca a chur ar fáil chun bagairtí ar chobhsaíocht airgeadais a mhaolú. Is éard a bhí i gceist leis na príomh-athbhreithnithe (i) an bhileog idirnáisiúnta ‘Bileog Téarmaí maidir le hAcmhainneacht Iomlán Ionsúcháin Caillteanais (TLAC)’, arna foilsiú ag an mBord um Chobhsaíocht Airgeadais an 9 Samhain 2015 (‘caighdeán TLAC’)⁷ a chur chun feidhme, le haghaidh bainc dhomhanda a bhfuil tábhacht shistéamach leo, dá dtagraítear i reachtaíocht an Aontais mar institiúidí domhanda a bhfuil tábhacht shistéamach leo; agus (ii) an t-íoscheanglas le haghaidh cistí dílse agus dliteanais incháilithe (ICDI) a leagtar amach in BRRD agus an Rialachán maidir le SRA a leasú.

Ba é cuspóir na n-athchóirithe sin a áirithiú go dtarlódh ionsú caillteanais agus athchaipitliú banc trí mhodhanna príobháideacha, i gcás nach bhfuil na bainc sin inmharthana ó thaobh airgeadais de a thuilleadh agus ina gcuirtear faoi réiteach ina dhiaidh sin iad. Leis an athbhreithniú, soiléiríodh freisin cur i bhfeidhm ICDI ar leibhéal na bhfochuideachtaí laistigh de ghrúpaí baincéireachta tríd an gcoincheap ‘ICDI inmheánach’ a thabhairt isteach i gcomhréir le coincheap comhchosúil a áirítear i gcaighdeán TLAC. Is é is aidhm do na ceanglais sin a áirithiú go bhfuil socruithe inmheánacha i bhfeidhm idir grúpeintitis chun caillteanais a aistriú ó ghrúpeintitis chuig an eintiteas réitigh, i.e. an máthairghnóthas de ghnáth, gan na grúpeintitis a chur faoi réiteach foirmiúil, rud a bhféadfadh éifeachtaí suaiteacha a bheith aige ar an margadh. Chun an sásra seo a chur chun feidhme, ceanglaítear ar ghrúpeintitis, bunaithe ar chinneadh na n-údarás réitigh, dliteanais incháilithe a eisiúint ar cheart don eintiteas réitigh iad a shuibscríobh go díreach nó go hindíreach.

Rinneadh tuilleadh leasuithe ar chreat ICDI an Aontais le Rialachán (AE) 2022/2036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁸, lenar bunaíodh modhanna le haghaidh suibscríobh indíreach ionstraimí atá incháilithe leis an ICDI inmheánach a chomhlíonadh. Ar bhonn measúnú teicniúil arna dhéanamh ag ÚBE de bhun sainordú a leagtar amach in Airteagal 45f(6) BRRD, tugadh isteach leis an rialachán sásra asbhainte chun ICDInna inmheánacha a shuibscríobh go hindíreach trí eintitis idirmheánacha i slabhra úinéireachta (i.e. idir an fhochuideachta dheiridh agus an t-eintiteas réitigh) chun a áirithiú go gcuirfeadh aistrithe inmheánacha caillteanais i bhfeidhm go héifeachtach sa chreat ICDI. Faoi sásra sin, dá ngairtear cur chuige asbhainte atá bunaithe ar shealúchais iomlána, ceanglaítear ar eintitis idirmheánacha sealúchais d’ionstraimí atá incháilithe i dtaca le ICDI inmheánach, arna n-eisiúint ag eintitis eile ar cuid den ghrúpa réitigh céanna iad, a asbhaint óna n-acmhainneacht i dtaca le ICDI inmheánach. Sonraítear sa téacs freisin go bhfuil eintitis

⁵ Treoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le rochtain ar ghníomhaíochtaí institiúidí creidmheasa agus maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa agus gnólaigh infheistíochta, lena leasaítear Treoir 2002/87/CE agus lena n-aisghairtear Treoir 2006/48/CE agus 2006/49/CE (IO L 176, 27.6.2013, lch. 338).

⁶ an Bord um Chobhsaíocht Airgeadais (leagan nuashonraithe 2014), [*Príomhthréithe Córas Éifeachtach Réitigh le haghaidh Institiúidí Airgeadais*](#).

⁷ An Bord um Chobhsaíocht Airgeadais (2015), [*Principles on Loss-absorbing and Recapitalisation Capacity of Globally Systemically Important Banks \(G-SIBs\) in Resolution, Total Loss-absorbing Capacity \(TLAC\) Term Sheet*](#).

⁸ Rialachán (AE) 2022/2036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Deireadh Fómhair 2022 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 agus Treoir 2014/59/AE a mhéid a bhaineann le láimhseáil stuamachta institiúidí domhanda a bhfuil tábhacht shistéamach leo agus a bhfuil straitéis réitigh ilphointí iontrála acu mar aon le modhanna le haghaidh ionstraimí a shuibscríobh go hindíreach atá incháilithe chun an t-íoscheanglas maidir le cistí dílse agus dliteanais incháilithe a chomhlíonadh (IO L 275, 25.10.2022, lgh. 1-10).

idirmheánacha a chomhlíonann MREL inmheánach ar bhonn comhdhlúite díolmhaithe ón oibleagáid a sealúchais d'ionstraimí arna n-eisiúint ag na heintitis a áirítear sa chomhdhlúthú a asbhaint. B'fhearr an cur chuige sin de rogha ar chur chuige asbhainte atá bunaithe ar cheanglais ina mbeadh uasteorainn leis an méid asbhaintí a cheanglaítear ar na heintitis idirmheánacha, ar uasteorainn í a chomhfhreagraíonn do leibhéal ICDI inmheánach an eintitis eisiúna ar cuid den ghrúpa réitigh céanna é.

Le Rialachán (AE) 2022/2036, tugadh sainordú don Choimisiún freisin athbhreithniú a dhéanamh ar chur chun feidhme an chur chuige asbhainte maidir le suibscríobh indíreach acmhainní atá incháilithe i dtaca le ICDI inmheánach idir cineálacha éagsúla struchtúr de ghrúpaí baincéireachta, chun measúnú a dhéanamh ar aon iarmhairtí neamhbheartaithe a d'fhéadfadh a bheith ag an sásra asbhainte nua mar aon le cóir chomhréireach agus cothrom iomaíochta a áirithiú, go háirithe maidir le slabhraí úinéireachta ina bhfuil cuideachta oibriúcháin idir máthairchuideachta sealbhaíochta agus a fochuideachtaí ('struchtúir *holdco*' de rogha ar 'struchtúir *opco*', i gcás nach cuideachta sealbhaíochta é an máthaireintiteas). Iarradh ar an gCoimisiún measúnú a dhéanamh ar na nithe seo a leanas: (i) an deis maidir le comhlíontacht le ICDInna inmheánacha ar bhonn comhdhlúite a cheadú i gcásanna breise; (ii) láimhseáil na n-eintiteas a bhforáiltear lena bplean réitigh go bhfuil siad le foirceannadh de réir gnáthimeachtaí dócmhainneachta ('eintitis leachtaithe'); agus (iii) a iomchuí atá sé na hasbhaintí a theorannú do mhéid atá coibhéiseach le ICDI inmheánach an eintitis eisiúna.

Ar bhonn na hanailíse a rinneadh ar an sásra asbhainte a tugadh isteach leis an Rialachán agus ar bhonn measúnú tionchair cainníochtúil a rinneadh trí úsáid a bhaint as sonraí arna soláthar ag an mBord Réitigh Aonair (BRA), chinn an Coimisiún go bhfuil gá le leasuithe spriocdhírithe ar BRRD agus ar an Rialacháin maidir le SRA i ndáil le raon feidhme chur i bhfeidhm na gceanglas maidir le ICDI inmheánach agus láimhseáil na n-eintiteas leachtaithe, agus go bhfuil na leasuithe sin iomchuí.

Beidh na leasuithe atá beartaithe ina rannchuidiú le hinréiteacht na mbanc trí fheidhmiú agus comhréireacht an tsásra asbhainte a fheabhsú, agus áiritheofar leo nach gcruthófar saincheisteanna cothroime iomaíochta idir struchtúir éagsúla grúpaí baincéireachta.

Ós rud é go bhfuil na forálacha comhfhreagracha i bhfeidhm cheana agus go mbeidh siad infheidhme san Aontas an 1 Eanáir 2024, ní mór na leasuithe atá beartaithe a dhéanamh go tráthúil. Is mó an gá atá le glacadh tapa ós rud é go bhfuil soiléireacht ag teastáil ó ghrúpaí baincéireachta maidir leis an sásra asbhainte chun cinneadh a dhéanamh faoin mbealach is fearr chun a n-acmhainneacht i dtaca le ICDI inmheánach a réamhshuí i bhfianaise an sprioc-ama ghinearálta i ndáil le comhlíonadh ICDI, is é sin an 1 Eanáir 2024 freisin.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Leis an togra, cuirtear chun cinn leasuithe ar an reachtaíocht atá ann cheana, ag gníomhú ar shainordú don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar fheidhmiú an tsásra asbhainte a leagtar amach i Rialachán (AE) 2022/2036, agus fágann sé go bhfuil sí go hiomlán comhsheasmhach leis na forálacha beartais atá ann cheana i réimse na bainistíochta géarchéime banc.

Is é is aidhm don athbhreithniú spriocdhírithe ar an Rialachán maidir le SRA feidhmiú agus comhréireacht an tsásra asbhainte a fheabhsú, agus áirithítear leis nach gcruthófar saincheisteanna cothroime iomaíochta idir struchtúir éagsúla grúpaí baincéireachta.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Cuireann an togra leis na hathchóirithe a rinneadh tar éis na géarchéime airgeadais as ar tháinig an tAontas Baincéireachta agus an leabhar rialacha aonair do bhainc uile an Aontais.

Tá an togra ina chuidiú le reachtaíocht airgeadais an Aontais a neartú, reachtaíocht a glacadh le deich mbliana anuas chun athléimneacht na hearnála airgeadais a mhéadú agus bainistiú ordúil teipeanna banc a áirithiú. Is é an aidhm atá ann an córas baincéireachta a dhéanamh níos láidre agus, ar deireadh, maoiniú inbhuanaithe na gníomhaíochta eacnamaíche san Aontas a chur chun cinn. Tá sé go hiomlán comhsheasmhach le bunspricanna an Aontais maidir le cobhsaíocht airgeadais a chur chun cinn, úsáid airgead na gcáiníocóirí i réiteach banc a laghdú, agus muinín taisceoirí a chaomhnú. Tá na cuspóirí sin fabhrach d'ardleibhéal iomaíochais agus cosanta do thomhaltóirí.

2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

• Bunús dlí

Tá an togra bunaithe ar Airteagal 114 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, an bunús dlí céanna atá leis na gníomhartha reachtacha atá á leasú.

• Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)

Is é is aidhm don togra reachtaíocht an Aontais atá ann cheana (BRRD agus an Rialachán maidir le SRA) a fhorlíonadh agus a leasú, rud is fearr is féidir a bhaint amach ar leibhéal an Aontais seachas trí thionscnaimh náisiúnta éagsúla. Tá srian ar chumas na mBallstát bearta náisiúnta a ghlacadh, os rud é go rialaítear na hábhair sin cheana le BRRD agus an Rialachán maidir le SRA, agus go mbeadh athruithe ar an leibhéal náisiúnta ag teacht salach ar dhlí an Aontais atá i bhfeidhm faoi láthair.

Tá na leasuithe atá beartaithe i gcomhréir leis an sainordú a leagtar amach i Rialachán (AE) 2022/2036 lena gceanglaítear ar an gCoimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an chreata. Leis na hathruithe sin, dhéanfaí cur i bhfeidhm aonfhoirmeach na gceanglas stuamachta, coinbhéirseacht cleachtas i measc na n-údarás réitigh agus cothrom iomaíochta ar fud an mhargaidh aonair do sheirbhísí baincéireachta a chur chun cinn a thuilleadh. Ní féidir leis na Ballstát na cuspóirí seo a bhaint amach, go leordhóthanach, ar a gconlán féin. Dá n-éireodh an tAontas as na gnéithe sin a rialáil, thiocfadh an margadh inmheánach do sheirbhísí baincéireachta faoi réir tacair éagsúla rialacha, rud a d'fhágfadh go mbeadh ilroinnt ann agus a bhainfeadh an bonn den leabhar rialacha aonair a cruthaíodh le déanaí sa réimse sin.

• Comhréireacht

Tá gá le gníomhaíocht ón Aontas chun an cuspóir a bhaint amach maidir le feabhas a chur ar chur i bhfeidhm na rialacha de chuid an Aontais atá ann cheana a mhéid a bhaineann le hinréiteacht grúpaí baincéireachta a áirithiú agus aghaidh a thabhairt ar shaincheistanna cothroime iomaíochta. Ní théann na leasuithe atá beartaithe thar aghaidh a thabhairt ar fhorálacha roghnaithe i gceat stuamachta an Aontais le haghaidh institiúidí nach bhfuil dírithe ach ar bhearta arb é is aidhm dóibh aistriú rianúil caillteanais agus caipitil laistigh de ghrúpaí réitigh a áirithiú tráth an réitigh trí rialacha iomchuí maidir le hionstraimí atá incháilithe i dtaca le ICDI inmheánach i gcásanna casta amhail slabhraí nóiníní. Thairis sin, tá na leasuithe atá beartaithe teoranta do na saincheistanna sin nach féidir aghaidh a thabhairt orthu taobh istigh den chorrlach lánroghnach dá bhforáiltear leis na rialacha atá ann faoi láthair.

• An rogha ionstraime

Chuirfí na bearta chun feidhme trí leasú a dhéanamh ar BRRD agus an Rialachán maidir le SRA trí bhíthin Treorach. Tagraítear sna bearta atá beartaithe d'fhorálacha atá ann cheana sna hionstraimí sin a bhaineann le hacmhainneacht ionsúcháin caillteanais agus acmhainneacht

athchaipitliúcháin na n-institiúidí agus na n-eintiteas, nó déantar forbairt bhreise ar na forálacha sin leo.

Tá údar cuí le togra sonracha le haghaidh leasuithe spriocdhírithe ar an gcreat ICDI i bhfianaise na práinne a bhaineann le rialacha comhchuibhithe de chuid an Aontais a thabhairt isteach maidir le suibscríobh indíreach acmhainní atá incháilithe i dtaca le ICDI inmheánach roimh dháta cur i bhfeidhm na láimhseála tiomnaithe in CRR, is é sin an 1 Eanáir 2024.

I bhfianaise líon teoranta na leasuithe atá beartaithe, chun plé comhsheasmhach sa phróiseas comhreachtach agus ailíniú iomlán na leasuithe críochnaitheacha ar BRRD agus an Rialachán maidir le SRA a áirithiú, cuirtear na leasuithe ar an dá ghníomh isteach in aon togra amháin.

3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ *EX POST*, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí *ex post*/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Leanann an tionscnamh seo sainordú an Choimisiúin a tugadh isteach le Rialachán (AE) 2022/2036 chun athbhreithniú agus measúnú a dhéanamh ar fheidhmiú sásra asbhainte agus, i gcás inarb iomchuí, togra reachtach a ghlacadh chun aghaidh a thabhairt ar aon easnamh a sainaitníodh⁹.

Tá an t-athbhreithniú bunaithe ar anailís lena n-áirítear measúnú tionchair cainníochtúil atá dírithe ar an gcothrom iomaíochta idir cineálacha éagsúla struchtúr de ghrúpaí baincéireachta. Rinneadh meastóireacht ann ar éifeachtaí na rialacha atá i bhfeidhm faoi láthair agus rinneadh anailís ar leasuithe a d'fhéadfaí a dhéanamh maidir leis an méid seo a leanas: (i) an deis a thabhairt d'eintitis nach eintitis réitigh iad féin an t-íoscheanglas maidir le cistí dílse agus dliteanais incháilithe a chomhlíonadh ar bhonn comhdhlúite; (ii) láimhseáil na n-eintiteas a bhforáiltear lena bplean réitigh go bhfuil siad le foirceannadh de réir gnáthimeachtaí dócmhainneachta faoi na rialacha lena rialaítear an t-íoscheanglas maidir le cistí dílse agus dliteanais incháilithe; agus (iii) a iomchuí atá sé teorainn a chur le méid na n-asbhaintí a cheanglaítear faoi na rialacha atá ann cheana.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Chuaigh foireann an Choimisiúin i gcomhairle leis na Ballstáit maidir le toradh na hanailíse, an measúnú tionchair cainníochtúil ar an sásra asbhainte agus na leasuithe atá beartaithe trí Ghrúpa Saineolaithe an Choimisiúin maidir le Baincéireacht, Íocaíochtaí agus Árachas.

Cuireadh torthaí na gcomhairliúcháin sin san áireamh agus an togra seo á ullmhú. Tá fianaise shoiléir le fáil iontu faoin ngá atá leis na rialacha atá i bhfeidhm faoi láthair a thabhairt cothrom le dáta agus a thabhairt i gcrích chun cuspóirí an chreata a bhaint amach ar an mbealach is fearr agus, an tráth céanna, comhréireacht agus cothrom iomaíochta a áirithiú.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Thairbhig an Coimisiún de tacaíocht BRA trí shonraí a sholáthar, sonraí a bailíodh ar bhonn *ad hoc* trí bheart deonach a dhéanamh go díreach ó ghrúpaí baincéireachta atá faoi réir na rialacha atá ann cheana. Comhroinneadh na sonraí sin leis an gCoimisiún ar bhonn

⁹ Leis an gcaibidil seo den mheabhrán míniúcháin, comhlíontar oibleagáid an Choimisiúin tuairisciú don Chomhairle agus do Pharlaimint na hEorpa maidir le toradh an athbhreithnithe arna dhéanamh i gcomhréir leis an gclásal athbhreithnithe a tugadh isteach in Airteagal 129 de BRRD le Rialachán (AE) 2022/2036.

comhiomlánaithe anaithnidithe. Is éard a bhí sa sampla deich n-eintiteas idirmheánacha, atá lonnaithe i sé Bhallstát, ar eintitis iad atá faoi réir an tsásra asbhainte faoi na rialacha atá ann cheana. Rinneadh an sampla a dheighilt go cothrom idir eintitis a bhí ina gcuid de struchtúir *holdco* agus *opco* agus bhí sé ag brath i bhformhór na gcásanna ar shonraí ón 31 Nollaig 2021.

Ballstát	Líon na n-eintiteas idirmheánach atá ina gcuid de struchtúr <i>Holdco</i>	Líon na n-eintiteas idirmheánach atá ina gcuid de struchtúr <i>Opco</i>
an Ostair		1
an Bheilg	1	1
an Chróit	1	
an Fhrainc		3
Éire	2	
an Ísiltír	1	
Iomlán	5	5

Foinse: Foireann an Choimisiúin, bunaithe ar shonraí arna gcur ar fáil ag BRA ón 31 Nollaig 2021.

Baineadh úsáid as an bhfianaise chainníochtúil chun measúnú a dhéanamh ar an gcaoi a n-oibríonn an creat asbhainte faoi na rialacha atá ann cheana, chun easnaimh a d'fhéadfadh a bheith ann agus saincheistanna cothroime iomaíochta a bhaineann lena chur chun feidhme a shainaithint, agus chun tástáil a dhéanamh ar leasuithe a d'fhéadfaí a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt orthu.

• Measúnú tionchair

Rinneadh anailís ar an togra lena n-áirítear measúnú tionchair cainníochtúil inar cuireadh san áireamh an t-aiseolas a fuarthas ó pháirtithe leasmhara agus an gá atá le haghaidh a thabhairt ar bhreithnithe éagsúla a shonraítear sa sainordú a tugadh don Choimisiún de bhun Rialachán (AE) 2022/2036.

Measúnú ar an sásra asbhainte le haghaidh ICDI inmheánach

Tá measúnú déanta ag an gCoimisiún ar shaincheistanna cothroime iomaíochta a d'fhéadfadh a bheith ann idir struchtúir éagsúla de ghrúpaí baincéireachta faoin sásra asbhainte atá i bhfeidhm faoi láthair.

De réir na hanailíse, maidir le neamhchosaintí eintiteas idirmheánach a bheadh faoi réir asbhainte faoi chur chuige asbhainte atá bunaithe ar shealúchais iomlána, comhfhreagraíonn siad go comhiomlán do 24,1 % de mhéid neamhchosanta iomláine ar riosca (TREA) agus do 4,3 % de thomhas neamhchosanta iomláine (TEM) na n-eintiteas idirmheánach. Mar sin féin, is gnách go ndéantar difear níos mó d'eintitis idirmheánacha atá ina gcuid de struchtúir *holdco*, go comhiomlán, i gcomparáid le heintitis idirmheánacha atá ina gcuid de struchtúir *opco*: suas le 28,1 % i gcomparáid le 14,3 % de TREA, agus suas le 5 % i gcomparáid le 2,7 % de TEM na n-eintiteas idirmheánach a bheadh sna hasbhaintí. Féadfar na difríochtaí sin a mhíniú leis na méideanna níos airde de neamhchosaintí inghrúpa ar leibhéal na n-eintiteas idirmheánach i gcás struchtúir *holdco*, rud a fhágann go mbíonn méideanna coibhneasta níos airde asbhaintí (Tábla 1). Deimhnítear é sin freisin nuair a chuirtear meánluachanna ar leibhéal na mbanc san áireamh. Cé gur 12,3 % de TREA na n-eintiteas idirmheánach uile, ar an meán, atá sna hasbhaintí faoi chur chuige atá bunaithe ar shealúchais iomlána, méadaítear an leibhéal sin go 14,7 % de TREA i gcás eintitis idirmheánacha atá ina gcuid de struchtúir *holdco* i gcomparáid le 7,5 % de TREA i gcás na n-eintiteas idirmheánach atá ina gcuid de struchtúir *opco* (Tábla 2).

Mar sin féin, ní léirítear an difríocht struchtúrach sin nuair a chuirtear staid sócmhainneachta na n-eintiteas idirmheánach san áireamh, toisc go mbeidh laghdú nach beag ar a mbarrachas ICDI i ndán d'eintitis idirmheánacha ar cuid de struchtúir *holdco* agus *opco* araon tar éis sásra asbhainte a thabhairt isteach. Go háirithe, taispeánann eintiteas idirmheánach amháin atá ina chuid de struchtúr *holdco* easnamh 2,6 % de TREA in aghaidh a íoscheanglais le haghaidh cistí dílse agus dliteanais incháilithe agus in aghaidh a cheanglais maoláin chomhcheangailte faoi chur chuige atá bunaithe ar shealúchais iomlána agus bíonn meánbharrachas ICDI 5,2 % de TREA ag ceithre eintiteas idirmheánacha eile fós, tráth a bhí barrachas acu uile (6,4 % de TREA ar an meán) gan asbhaintí. I gcás eintitis idirmheánacha atá ina gcuid de struchtúir *opco*, tagann laghdú ar an meánbharrachas ICDI in aghaidh an íoscheanglais le haghaidh cistí dílse agus dliteanais incháilithe agus in aghaidh an cheanglais maoláin chomhcheangailte ó 5,3 % go 1,7 % de TREA, agus an tráth céanna, tagann méadú ar mheán easnamh dhá eintiteas a raibh easnamh acu cheana gan asbhaintí ó 2,4 % go 6,1 % (Tábla 3).

Athraíonn méid an tionchair de réir an chur chuige a roghnaítear (i.e. cur chuige atá bunaithe ar shealúchais iomlána i gcomparáid le cur chuige atá bunaithe ar cheanglais), ach ní athraíonn an méid coibhneasta asbhainte níos airde idir an dá chineál struchtúr.

Mar sin féin, beidh éifeachtaí éagsúla ag na hathruithe sin ar eintitis idirmheánacha atá ina gcuid de struchtúir *holdco* ós rud é go ndéantar difear díreach d'acmhainneacht an mháthaireintitis réitigh i dtaca le ICDI mar gheall ar aon easnamh atá ann (trí eisiúintí fo-ordaithe breise chuig an margadh). Go deimhin, ní fhéadfaidh struchtúir *holdco* na heisiúintí sin a chistiú ach trí fhiachas atá fo-ordaithe ó thaobh struchtúir de ós rud é go bhféadfadh sé nach mbeadh foinsí eile cistiúcháin acu de ghnáth. Treisítear an tréith shonrach sin ós rud é gurb é an banc oibriúcháin faoin gcuideachta sealbhaíochta a dhéanann na neamhchosaintí a lárú go ginearálta chuig an gcuid eile den ghrúpa. Os a choinne sin, i struchtúir *opco*, féadfaidh an t-eintiteas réitigh foinsí eile cistiúcháin a ath-leithdháileadh chun ICDI inmheánach a eintiteas idirmheánach a mhaoiniú.

Sa chomhthéacs sin, mheas an Coimisiún go bhféadfadh sé go ndéanfaí difear d'eintitis idirmheánacha atá ina gcuid de struchtúir *holdco* ar bhealach éagsúil i gcomparáid le struchtúir eile, mar gheall ar an gcion de neamhchosaintí inghrúpa (a d'fhéadfadh a bheith éagsúil ó bhanc go chéile) agus mar gheall ar na hiarmhairtí a bhaineann le heasnamh ar leibhéal an eintitis idirmheánaigh. D'fhéadfadh an bharúil sin a bheith ina húdar leis an ngá le féachaint ar bhealaí a d'fhéadfadh a bheith ann chun an creat atá ann faoi láthair a dhéanamh níos comhréirí.

Rinneadh measúnú ar thrí rogha beartais féideartha.

- (i) *Cead a thabhairt d'eintitis idirmheánacha ICDI a chomhlíonadh ar bhonn comhdhlúite*

Leis na rialacha atá i bhfeidhm faoi láthair, ní fhorchuirtear asbhaint ar leibhéal an eintitis idirmheánaigh i gcás ina gcomhlíonann sé ICDI inmheánach ar bhonn comhdhlúite cheana féin, i ndáil lena shealúchais d'ionstraimí arna n-eisiúint ag eintitis san imlíne chomhdhlúthaithe. Tá údar leis sin toisc go n-ardaítear leibhéal an cheanglais mar gheall ar chomhdhlúthú chun neamhchosaintí (atá seachtrach don fhoghrúpa) na n-eintiteas uile a ghabháil laistigh den imlíne chomhdhlúthaithe. Leis sin, ceanglaítear ar eintitis idirmheánacha acmhainneacht leordhóthanach a bheith acu i dtaca le ICDI inmheánach chun a áirithiú gur féidir a chaillteanais, mar aon le caillteanais na n-eintiteas comhdhlúite, a réamhtheachtú chuig an eintiteas réitigh ar bhealach éifeachtach.

Ní sholáthraítear ach dhá chás shonracha in BRRD inar féidir le heintiteas neamhréitigh ICDI inmheánach a chomhlíonadh ar bhonn comhdhlúite: i gcás inar ann do tharscaoiltí i dtaca le

ICDI inmheánach (Airteagal 45f(4) de BRRD) agus i gcás máthairghnóthais de chuid an Aontais de ghrúpaí tríú tíre (Airteagal 45f(1), an dara fomhír).

Mar sin féin, d'fhéadfadh ceanglas comhdhlúite a bheith úsáideach chun saineúlachtaí struchtúr baincéireachta áirithe a ghabháil, mar shampla i gcás ina ndéanann eintiteas idirmheánach neamhchosaintí inghrúpa a lárú agus, i gcás struchtúir *holdco*, i gcás ina n-úsáideann sé acmhainní ICDI inmheánach arna réamhshuí ag an eintiteas réitigh. Trí ICDI inmheánach a shocrú ar bhonn aonair i gcás eintitis idirmheánacha áirithe, amhail iad siúd atá ina gcuid de struchtúir *holdco* nó de struchtúir *opco* áirithe, sa dara cás sin ina gcinntear ceanglais stuamachta ar bhonn comhdhlúite, d'fhéadfadh sé go gcruthófaí bearnaí go saorga idir ceanglais an eintitis réitigh agus ceanglais an eintitis idirmheánaigh faoi seach, agus an t-eintiteas idirmheánach faoi réir asbhaintí. Sa chomhthéacs sin, trí ICDI inmheánach a shocrú ar bhonn comhdhlúite ar leibhéal an eintitis idirmheánaigh, chuirfí deireadh leis an oibleagáid atá ar an eintiteas idirmheánach neamhchosaintí atá nasctha le heintitis ar cuid dá fhoghrúpa iad a asbhaint, toisc go mbeadh éifeacht ag comhdhlúthú atá comhchosúil le héifeacht na n-asbhaintí.

Ar bhonn na sonraí a ndearnadh anailís orthu, méadaítear go mór méideanna neamhchosanta na n-eintiteas idirmheánach mar gheall ar chomhdhlúthú, méideanna a ríomhtar ICDI inmheánach ar a mbonn (+ 23 % de TREA agus + 52 % de TEM i dtéarmaí comhiomlána, Tábla 1).

Níl an tionchar ar ICDI agus ar shócmhainneacht glansoiléir ar bhonn uilechoiteann agus is cosúil go bhfuil tionchar ag breithnithe a bhaineann go sonrach le bainc air, ar breithnithe iad a imríonn tionchar ar a bhuntáistí agus atá comhdhlúthú ó thaobh peirspictíocht slabhra nóiníní de. Mar a tharlaíonn, i gcomparáid leis an *status quo* (gan asbhaintí), tá laghdú 25 % - 40 % ag teacht ar bharrachais in aghaidh ICDI de chuid eintiteas idirmheánach atá ina gcuid de struchtúir *holdco* (ó 9,4 % go 7,3 % de TREA), agus is cosúil go dtagann laghdú níos mó ar bharrachais eintiteas idirmheánach atá ina gcuid de struchtúir *opco* (ó 7,5 % go 2,7 % de TREA).

I gcás struchtúir *holdco*, tá tionchar níos lú ar bharrachais ICDI ag baint le comhdhlúthú a chur i bhfeidhm, ar an meán, ná mar a bhíonn ag na hasbhaintí faoin gcur chuige atá bunaithe ar shealúchais iomlána, ach tá pionós níos mó ag baint leis go fóill i gcomparáid le hasbhaint a dhéanamh faoi chur chuige bunaithe ar cheanglais.

Léirítear sna sonraí freisin, agus an difríocht idir cur chuige bunaithe ar shealúchais iomlána agus comhdhlúthú á breithniú, go bhfuil easnamh ag eintiteas idirmheánach amháin atá ina chuid de struchtúir *holdco* in aghaidh a íoscheanglais le haghaidh cistí dílse agus dliteanais incháilithe agus a cheanglais maoláin chomhcheangailte, ach go n-imíonn an t-easnamh sin le comhdhlúthú. Ina theannta sin, maidir le heasnamh na n-eintiteas idirmheánach atá ina gcuid de struchtúir *opco* in aghaidh an íoscheanglais le haghaidh cistí dílse agus dliteanais incháilithe, ar struchtúir *opco* iad a bhfuil easnamh acu cheana, tá an t-easnamh sin ag méadú nó ag laghdú ag brath ar na cásanna (Tábla 3).

Ar an iomlán, d'fhéadfadh comhdhlúthú a bheith tairbheach d'eintitis idirmheánacha atá ina gcuid de struchtúir *holdco*. Maidir leis an easpa éifeachtaí soiléire ar struchtúir *opco*, d'ainneoin laghdú ginearálta ar bharrachais gan tionchar comhsheasmhach ar bhainc a bhfuil easnamh acu cheana, d'fhéadfadh eagrú na ngrúpaí sin a bheith ina mhíniú air sin, i gcás ina bhféadfadh sé nach mbeadh comhdhlúthú ar leibhéal eintitis idirmheánaigh ábhartha i ngach cás. Dá bhrí sin, i gcás ina gcuirtear an comhdhlúthú i bhfeidhm ar bhealach doiléir, d'fhéadfadh sé go mbeadh éifeachtaí diúltacha níos mó aige ar bhainc atá ina gcuid de struchtúir *opco* i gcomparáid leis na hasbhaintí faoin gcur chuige bunaithe ar shealúchais iomlána. Mar sin féin, d'fhéadfaí úsáid a bhaint as comhdhlúthú chun aghaidh a thabhairt ar

chás na struchtúr *holdco* agus *opco* i gcás ina bhfuil ceanglais stuamachta socraithe cheana ar bhonn comhdhlúithe ar leibhéal an eintitis idirmheánaigh.

(ii) *Eintitis leachtaithe a bhaint de raon feidhme an tsásra asbhainte*

Faoin gcreat atá ann faoi láthair, tá eintitis leachtaithe faoi réir ceanglas ICDI inmheánach agus, dá thoradh sin, déantar iad a ghabháil leis an sásra asbhainte freisin i gcás inar cuid de shlabhra nóiníní iad. D'fhéadfadh sé sin a bheith thar a bheith stuama, ós rud é nach bhfuil aon choinne leis (ar choinníoll go roghnófar an straitéis go cruinn) go ndéanfaí ionstraimí an eintitis leachtaithe a dhíluacháil nó a chomhshó agus go ndéanfaí caillteanais a réamhtheachtú chuig an eintiteas réitigh, tríd an eintiteas idirmheánach, i gcás teipe. Thairis sin, an tionchar a bheadh ag baint le heintitis leachtaithe a áireamh in asbhaintí an tslabhra nóiníní, d'fhéadfadh sé a bheith ábhartha maidir le heintitis idirmheánacha i ngrúpaí ina bhfuil a lán fochuideachtaí atá curtha in áirithe lena leachtú, go háirithe i bhfianaise an chur chuige asbhainte bunaithe ar shealúchais, lena gceanglaítear nach mór iomlán chistí dílse agus dhliteanais incháilithe na fochuideachta deiridh atá i seilbh an eintitis idirmheánaigh a asbhaint.

Bheadh sé níos comhréirí eintitis leachtaithe a bhaint de raon feidhme na n-asbhaintí faoi chur chuige an tslabhra nóiníní ós rud é nach bhfuil aon ghá le hacmhainní a iartheachtú chun an t-eintiteas a athchaipitliú i gcás teipe. Mar thoradh air sin, níor ghá neamhchosaintí eintiteas idirmheánach ar eintitis leachtaithe a asbhaint, ach ba ghá iad a ualú ó thaobh riosca i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme, lena gceanglaítear ar an eintiteas idirmheánach cistí dílse agus dliteanais incháilithe a shealbhú chun caillteanais fhéideartha ar na neamhchosaintí sin a chumhdach, ach ar leibhéal níos ísle i gcomparáid le hasbhaint iomlán. I gcásanna ina mbeadh na neamhchosaintí móra ar eintitis leachtaithe, d'fhéadfadh sé sin difear a dhéanamh do chumas na n-eintiteas idirmheánach na caillteanais uile a aistriú chuig an eintiteas réitigh. Mar sin féin, léirítear sna sonraí atá ar fáil go bhfuil cion na neamhchosaintí ar eintitis leachtaithe an-íseal, go háirithe i struchtúir *opco*¹⁰ (0,3 % de TREA go comhiomlán, Tábla 1, agus 0,6 % de TREA ar an meán, Tábla 2), rud a íoslaghdaíonn na rioscaí sainaitheanta.

Ar an iomlán, léirítear sna sonraí gur 2 % de TREA agus 0,3 % de TEM na n-eintiteas idirmheánach atá i neamhchosaintí eintiteas idirmheánach ar eintitis leachtaithe ar bhonn comhiomlán. Mar sin féin, tá difríocht idir na comhréireanna sin agus an cineál struchtúir grúpa á mheas: suas le 2,6 % de TREA agus 0,3 % de TEM i gcás struchtúir *holdco* i gcomparáid le 0,3 % de TREA agus 0,1 % de TEM i gcás struchtúir *opco* (Tábla 1).

Tá méid na neamhchosaintí (TREA/TEM) faoi chur chuige asbhainte bunaithe ar shealúchais gan eintitis leachtaithe níos airde ó nádúr ná mar atá faoi chur chuige bunaithe ar shealúchais faoina ndéantar neamhchosaintí ar eintitis leachtaithe a asbhaint, ach tá an méid sin fós faoi bhun na leibhéal a bhaintear amach dá gcuirfí uasteorainn leis na hasbhaintí faoi chur chuige asbhainte bunaithe ar cheanglais.

Mar a tharlaíonn, má dhéantar neamhchosaintí ar eintitis leachtaithe a bhaint de na hasbhaintí, bíonn éifeacht dhearfach aige sin ar mhéid iomlán na n-asbhaintí a dhéanann na heintitis idirmheánacha ar bhonn uilechoiteann, ach ní bhíonn an éifeacht sin chomh mór agus a bhíonn an éifeacht a bhaineann le hasbhaintí faoi chur chuige bunaithe ar cheanglais. I gcás struchtúir *holdco*, is é 14,7 % de TREA a bheadh sna hasbhaintí faoi chur chuige bunaithe ar shealúchais iomlána, céatadán a laghdófaí go 13,2 % de TREA dá ndéanfaí neamhchosaintí ar eintitis leachtaithe a eisiamh, ach atá fós os cionn 11,1 % de TREA a bhainfí amach le

¹⁰ Léirítear sna sonraí go bhfuil an cion beagán níos airde i gcás struchtúir *holdco*, ach le cur i bhfeidhm an chomhdhlúthaithe ní bheadh gá le hasbhaint agus ní bheadh feidhm leis an gcoigeartú sin atá nasctha le heintitis leachtaithe.

haghaidh asbhaintí faoi chur chuige bunaithe ar cheanglais. Tá an rangú agus na comhréireanna comhchosúil i gcás struchtúir *opco* (7,5 %, 6,9 % agus 6 % faoi seach). Ar an iomlán, comhlíontar beagán níos lú ná leath an fhaid idir an dá chur chuige trí neamhchosaintí ar eintitis leachtaithe a bhaint.

Mar sin féin, dá mbainfí neamhchosaintí ar eintitis leachtaithe, bheadh tionchair éagsúla aige sin ar na cineálacha ionstraimí a ndéantar difear dóibh mar gheall ar na hasbhaintí, an ICDI agus suíomhanna caipitil tar éis asbhaintí.

Maidir le líon na n-eintiteas idirmheánach atá ina gcuid de struchtúir *holdco* atá faoi réir asbhainte lena ndéantar difear d'itimí seachas dlíteanais incháilithe (Caipiteal Leibhéal 2, Caipiteal Breise Leibhéal 1, Gnáthchothromas Leibhéal 1), tagann laghdú ar an líon sin agus eintitis leachtaithe á n-eisiamh, agus ar an taobh eile, is cosúil nach bhfuil na héifeachtaí chomh hábhartha céanna i gcás struchtúir *opco*, ós rud é go leanfadh gach eintiteas idirmheánach a dhéanann asbhaintí as catagóirí cistí dílse faoi láthair d'asbhaintí a dhéanamh (i méideanna sách cosúil) as na catagóirí céanna sin. Mínítear é sin freisin leis an gcion teoranta de neamhchosaintí ar eintitis leachtaithe le haghaidh an chineáil sin eintitis idirmheánaigh (Tábla 2).

I bhfianaise na n-éifeachtaí ar an ICDI agus ar chóimheasa caipitil, dá ndéanfaí neamhchosaintí ar eintitis leachtaithe a bhaint, chuirfí feabhas ar an staid i gcás roinnt eintiteas idirmheánach a raibh easnamh acu in aghaidh ceanglais éagsúla mar gheall ar an gcur chuige asbhainte bunaithe ar shealúchais iomlána, trí na hasbhaintí sin a bhaint nó a laghdú go háirithe in aon struchtúr *holdco* amháin agus in dhá struchtúr *opco*¹¹. Ina theannta sin, i gcásanna áirithe bíonn easnamh níos ísle ann i gcomparáid leis an gcur chuige asbhainte bunaithe ar cheanglais mar thoradh ar neamhchosaintí ar eintitis leachtaithe a bhaint¹². Mar sin féin, is cosúil go bhfuil an éifeacht teoranta agus na barrachais á meas: tá siad sin thart ar 20-25 % níos airde faoi chur chuige asbhainte bunaithe ar cheanglais ná mar atá faoin gcur chuige bunaithe ar shealúchais iomlána le heintitis leachtaithe nó gan eintitis leachtaithe, ach in aghaidh ceanglais i dtaca le ICDI iomlán amháin, rud a léiríonn nach ndéanann rogha an chur chuige asbhainte difear iarbhir do chóimheasa i dtaca le Caipiteal Ghnáthchothromas Leibhéal 1, Caipiteal Leibhéal 1 nó ceanglais chaipitil fhoriomlána (Tábla 3).

Sa chomhthéacs sin, dá ndéanfaí eintitis leachtaithe a bhaint de raon feidhme an tsásra asbhainte, chuirfí feabhas ar chomhréireacht an cheanglais, rud a léireodh ar bhealach níos fearr tionchar na n-asbhaintí gan difear a dhéanamh d'fhóntacht stuamachta an chur chuige agus gan athrú ábhartha a dhéanamh ar an gcothromaíocht a bhaintear amach leis an rialachán. Is cosúil nach bhfuil na tionchair claonta i leith aon struchtúr grúpa ar leith, agus na cionmhaireachtaí éagsúla atá sna neamhchosaintí sin i struchtúir *holdco* agus *opco* faoi seach á gcur san áireamh freisin.

Dá bhrí sin, d'fhéadfaí leasú den sórt sin a chur i bhfeidhm maidir le gach grúpa, agus é á thabhairt dá aire go mbeadh sé neamhabhartha dá gcomhlíonfadh eintiteas idirmheánach ICDI inmheánach ar bhonn comhdhlúite (mar gheall ar easpa asbhaintí sa chás seo).

¹¹ Go háirithe, bhí easnamh ag dhá eintiteas idirmheánacha in aghaidh a n-íoscheanglas le haghaidh cistí dílse agus dlíteanais incháilithe mar gheall ar na hasbhaintí a laghdófaí ó 3,8 % go 2,1 % de TREA (-45 %), bhí easnamh ag trí eintiteas idirmheánacha in aghaidh a n-íoscheanglas le haghaidh cistí dílse agus dlíteanais incháilithe agus a gceanglas maoláin chomhcheangailte mar gheall ar na hasbhaintí a laghdófaí ó 4,2 % go 3,2 % de TREA (-24 %) agus bhí easnamh ag eintiteas idirmheánach amháin in aghaidh a cheanglais maidir le caipiteal Leibhéal 1 agus a cheanglais caipitil foriomlán a laghdófaí go 0.

¹² Mar shampla, i gcás ina ndéanfaí sealúchais ionstraimí ICDI inmheánach na n-eintiteas leachtaithe a asbhaint faoi chur chuige bunaithe ar cheanglais, cé nach ndéanfaí iad a asbhaint faoin gcás sin, rud a d'fhágfadh go mbeadh easnamh níos ísle ann.

(iii) *Uasteorainn a chur i bhfeidhm maidir le leibhéal na n-asbhaintí (cur chuige asbhainte bunaithe ar cheanglais)*

Le ICDI inmheánach, áirithítear gur féidir caillteanais ar leibhéal fochuideachta i ngrúpa réitigh a réamhtheachtú go leordhóthanach chuig an eintiteas réitigh gan an fochuideachta a chur faoi réiteach. Is é is aidhm do thabhairt isteach an tsásra asbhainte an t-ionsú caillteanais inmheánach sin a chothú trína áirithiú nach mbeidh caillteanais fós sáinnithe ar leibhéal eintitis idirmheánaigh, rud a chuirfeadh forghníomhú straitéis an ghrúpa i mbaol.

Le cur chuige bunaithe ar cheanglais, d'fhéadfadh sé go lagófaí inréiteacht an ghrúpa, toisc go bhféadfadh sé go gcuirfí cosc ar eintitis idirmheánacha a gcaillteanais uile a chur ar aghaidh go hiomchuí chuig an eintiteas réitigh dá gcuirfí uasteorainn ar an asbhaint a chomhfhreagraíonn don cheanglas i dtaca le ICDI inmheánach (seachas ar an acmhainneacht), rud a d'fhéadfadh scrogaill a chruthú ar leibhéal an eintitis idirmheánaigh toisc nach gcuirfí uasteorainn le méid an chaipitil agus na ndliteanas incháilithe a bheadh an t-údarás réitigh a dhíluacháil nó a chomhshó i gcás teip fochuideachta le méid an cheanglais ábhartha i dtaca le ICDI inmheánach. Dá bhrí sin, bheadh toradh nach mbeadh chomh fionta céanna ó thaobh stuamachta de ann.

D'fhéadfadh an asbhaint bunaithe ar cheanglais difear a dhéanamh freisin don inchomparáideacht idir eisiúintí díreacha agus indíreacha ionstraimí a dhéanann an fochuideachta chuig an eintiteas réitigh, rud a d'fhéadfadh saincheistanna cothroime iomaíochta a chruthú i measc na mbanc ag brath ar a struchtúir eagraíochtúla agus rud a d'fhéadfadh a bheith contrártha leis an sprioc tosaigh atá á saothrú ag na comhreachtóirí gan tosaíocht a thabhairt d'aon chineál eisiúna thar cheann eile. Ar deireadh, ní féidir cosc iomlán a chur ar chomhaireamh dubailte acmhainneachta i dtaca le ICDI inmheánach ar leibhéal an eintitis idirmheánaigh le cur chuige asbhainte bunaithe ar cheanglais.

An rogha tosaíochta

I bhfianaise thoradh na roghanna beartais éagsúla, is é conclúid na hanailíse gur cheart an cur chuige asbhainte bunaithe ar shealúchais iomlána a glacadh i Rialachán (AE) 2022/2036 a chaomhnú. Dá ndéanfaí an cur chuige a leasú trí theorainneacha a thabhairt isteach le méid na n-asbhaintí a chomhfhreagraíonn do cheanglas ICDI inmheánach na bhfochuideachtaí eisiúna, bheadh sásra ann nach mbeadh chomh fionta céanna ó thaobh stuamachta de agus laghdófaí éifeachtacht agus éifeachtúlacht an tsásra asbhainte, rud a chruthódh rioscaí maidir le scrogaill agus caillteanais á réamhtheachtú laistigh de ghrúpa. Ina theannta sin, lagófaí comhleanúnachas an chreata dá thoradh sin ós rud é go mbeadh athrú den sórt sin ina dhiall mór ón gcomhaontú polaitiúil ar tháinig na comhreachtóirí air in 2019, mar a léirítear sa sainordú a cuireadh de chúram ar ÚBE in Airteagal 45f(6) de BRRD chun a áirithiú nár cheart go dtiocfadh toradh difriúil as suibscríobh díreach agus indíreach i dtaca le ICDI inmheánach.

Mar sin féin, thángthas ar an gconclúid sa mheasúnú freisin gur iomchuí agus gur gá an sásra a choigeartú ag an gcorrlach chun aghaidh a thabhairt ar na hábhair imní a ardaíodh maidir leis an tionchar a bheadh ag cur chuige asbhainte atá bunaithe ar shealúchais iomlána ar struchtúir áirithe grúpa ar bhealach lena méadófaí comhréireacht agus nach gcuirfí an t-aistriú caillteanas agus caipitil laistigh de ghrúpa réitigh i mbaol. I gcomhréir leis na roghanna a ndearnadh measúnú orthu sa mheasúnú tionchair, is éard a bheadh sna leasuithe lena mbainfí amach na cuspóirí sin agus lena gcuirfí feabhas ar chomhleanúnachas leis an gcreat réitigh ar an mbealach is fearr, na nithe seo a leanas: (i) cead a thabhairt d'eintitis idirmheánacha áirithe, i.e. eintitis idirmheánacha atá ina gcuid de struchtúir *holdco* agus struchtúir *opco*, i gcás ina socraítear ceanglais stuamachta ar bhonn comhdhlúite cheana, ICDI inmheánach a chomhlíonadh ar bhonn comhdhlúite faoi réir chinneadh an údaráis réitigh; agus (ii) eisiúintí eintiteas leachtaithe a bhaint de raon feidhme an tsásra asbhainte.

Tábla 1: Méideanna neamhchosanta

Méadracht	Struchtúr Grúpa	Athrú ar an méid neamhchosanta (vs an bunlíne)			Neamhchosaintí ar eintitis leachtaithe de réir % (vs an bunlíne)
		Asbhaint bunaithe ar shealúchais iomlána	Asbhaint bunaithe ar cheanglais	Fo-chomhdhlúthú	
TREA	HoldCo	28.1%	24.7%	7.5%	2.6%
	OpCo	14.3%	11.6%	62.9%	0.3%
	Iomlán	24.1%	21.0%	23.4%	2.0%
TEM	HoldCo	5.0%	4.1%	42.3%	0.3%
	OpCo	2.7%	2.2%	74.0%	0.1%
	Iomlán	4.3%	3.5%	52.1%	0.3%

Foinse: Foireann an Choimisiúin, bunaithe ar shonraí arna gcur ar fáil ag BRA ón 31 Nollaig 2021.

Tábla 2: Asbhaintí

Asbhaintí (% de TREA)		Asbhaint bunaithe ar shealúchais iomlána			Asbhaint bunaithe ar cheanglais			Asbhaint bunaithe ar shealúchais iomlána gan eintitis leachtaithe		
Catagóir	Méadracht	Holdco	OpCo	Iomlán	Holdco	OpCo	Iomlán	Holdco	OpCo	Iomlán
Iomlán	<i>Meán</i>	14.7%	7.5%	12.3%	11.1%	6.0%	9.5%	13.2%	6.9%	11.2%
	<i>Líon banc</i>	5	5	10	5	5	10	5	5	10
lena n-áirítear: arna asbhaint as T2	<i>Meán</i>	0.9%	1.7%	1.1%	1.2%	1.5%	1.4%	1.8%	1.7%	1.7%
	<i>Líon banc</i>	2	4	6	1	4	5	1	4	5
lena n-áirítear: arna asbhaint as AT1	<i>Meán</i>	2.4%	2.3%	2.3%		2.1%	2.1%		2.3%	2.3%
	<i>Líon banc</i>	1	4	5		4	4		4	4
lena n-áirítear: arna asbhaint as CET1	<i>Meán</i>	1.1%	5.2%	3.7%	0.3%	3.9%	3.7%	0.3%	5.2%	5.0%
	<i>Líon banc</i>	2	4	6	1	4	5	1	3	4

Foinse: Foireann an Choimisiúin, bunaithe ar shonraí arna gcur ar fáil ag BRA ón 31 Nollaig 2021.

Tábla 3: Tionchar ar ICDI agus ar an staid sócmhainneachta

Barrachais/Easnamh (% de TREA)		Bunline			Asbhaint bunaithe ar shealúchais iomlána			Asbhaint bunaithe ar cheanglais			Asbhaint bunaithe ar shealúchais iomlána gan eintitis leachtaithe			Fo-chomhdhlúthú		
Ceanglas	Méadracht	Holdco	OpCo	Iomlán	Holdco	OpCo	Iomlán	Holdco	OpCo	Iomlán	Holdco	OpCo	Iomlán	Holdco	OpCo	Iomlán
ICDI	<i>Meánasnamh</i>		-0.3%	-0.3%		-3.8%	-3.8%		-2.5%	-2.5%		-2.1%	-2.1%		-6.1%	-6.1%
	<i>Líon banc</i>		1	1		2	2		2	2		2	2		1	1
	<i>Meánbharrachas</i>	9.4%	7.5%	8.9%	6.8%	4.6%	6.3%	8.1%	4.9%	7.4%	6.7%	4.6%	6.2%	7.3%	2.7%	5.8%
	<i>Líon banc</i>	5	4	9	5	3	8	5	3	8	5	3	8	5	3	8
ICDI + CBR	<i>Meánasnamh</i>		-2.4%	-2.4%	-2.6%	-6.1%	-4.2%	-1.5%	-4.8%	-2.9%	-2.2%	-4.5%	-3.2%		-3.4%	-3.4%
	<i>Líon banc</i>		2	2	1	2	3	1	2	3	1	2	3		2	2
	<i>Meánbharrachas</i>	6.4%	5.3%	6.1%	5.2%	1.7%	4.2%	6.7%	1.9%	5.4%	5.2%	1.7%	4.2%	4.2%	0.8%	3.5%
	<i>Líon banc</i>	5	3	8	4	3	7	4	3	7	4	3	7	5	2	7
CET1	<i>Meánasnamh</i>															
	<i>Líon banc</i>															
	<i>Meánbharrachas</i>	10.4%	13.2%	11.2%	15.4%	12.3%	14.4%	15.3%	12.7%	14.5%	14.9%	12.6%	14.2%	10.3%	8.5%	9.9%
	<i>Líon banc</i>	5	5	10	5	5	10	5	5	10	5	5	10	5	2	7
T1	<i>Meánasnamh</i>					-1.4%	-1.4%									
	<i>Líon banc</i>					1	1									
	<i>Meánbharrachas</i>	10.7%	12.9%	11.4%	15.9%	11.6%	14.5%	16.2%	11.1%	14.6%	15.8%	11.0%	14.3%	10.4%	7.7%	9.8%
	<i>Líon banc</i>	5	5	10	5	4	9	5	5	10	5	5	10	5	2	7
OCR	<i>Meánasnamh</i>					-3.2%	-3.2%		-0.7%	-0.7%						
	<i>Líon banc</i>					1	1		1	1						
	<i>Meánbharrachas</i>	8.2%	9.8%	8.7%	14.1%	7.3%	12.0%	14.3%	7.5%	12.2%	14.0%	6.9%	11.8%	8.4%	5.5%	7.8%
	<i>Líon banc</i>	5	5	10	5	4	9	5	4	9	5	5	10	5	2	7

Foinse: Foireann an Choimisiúin, bunaithe ar shonraí arna gcur ar fáil ag BRA ón 31 Nollaig 2021.

Breithnithe eile a bhaineann le heintitis leachtaithe

Chun comhleanúnachas leis an gcuid eile den chreat a áirithiú, maidir le heintitis leachtaithe a bhaint de raon feidhme an tsásra asbhainte le haghaidh suibscríobh indíreach i dtaca le ICDI inmheánach, ní mór é sin a mheas i gcomhthéacs níos leithne na bhforálacha ábhartha de BRRD agus an Rialachán maidir le SRA is infheidhme maidir leis na heintitis sin.

Faoi na rialacha atá ann cheana in BRRD agus an Rialachán maidir le SRA, ceanglaítear ar údarais réitigh cinntí ICDI a ghlacadh le haghaidh na n-institiúidí agus na n-eintiteas uile laistigh de raon feidhme na ngníomhartha sin, lena n-áirítear eintitis leachtaithe. Tá calabrú an cheanglais comhréireach chun a chur san áireamh go ndéanfaí na heintitis sin a fhoirceannadh faoi ghnáthimeachtaí dócmhainneachta agus, dá bhrí sin, tá an ceanglas teoranta, i bhformhór na gcásanna agus faoi réir chinneadh an údarais réitigh, do cheanglais cistí dílse an eintitis sin (an méid ionsúcháin caillteanais – Airteagal 45c(2), an dara fomhír, de BRRD agus Airteagal 12d(2), an dara fomhír, den Rialachán maidir le SRA). Thiocfadh an t-aon eisceacht ón gcás sin chun cinn i gcásanna ina gcinneann an t-údarás réitigh gur cheart an ICDI a bheith níos airde ná an méid ionsúcháin caillteanais, go háirithe mar gheall ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith aige ar chobhsaíocht airgeadais agus an riosca tógálachta don chóras airgeadais (Airteagal 45c(2), an tríú fomhír, de BRRD agus Airteagal 12d(2), an tríú fomhír, den Rialachán maidir le SRA).

Leis an gcaoi a ndéantar ICDI a chinneadh faoi láthair le haghaidh eintitis leachtaithe, cuirtear ualach nach beag ar údarais réitigh cinntí ICDI a eisiúint go tráthrialta mar gheall ar an nasc le

pleanáil réitigh, agus ar bhainc chun a áirithiú go ndéantar faireachán ar cheanglais ghaolmhara eile agus go gcomhlíontar iad, amhail an córas réamhcheadaithe maidir le ceannach, fuascailt, aisíoc nó athcheannach dliteanas incháilithe dá bhforáiltear in Airteagail 77(2) agus 78a de CRR. Mar sin féin, sa chleachtas, is beag athrú a dhéantar leis an gcinneadh seo i dtéarmaí struchtúr na ndliteanas a úsáidtear chun ICDI a chomhlíonadh toisc gur gá don eintiteas leachtaithe a cheanglais cistí dílse a chomhlíonadh trí ionstraimí cistí dílse a úsáid (fad agus atá an t-eintiteas faoi réir ceanglais stuamachta ar bhonn aonair). Mar gheall ar an easpa breisluacha a bhaineann leis na cinntí ICDI sin, agus na ceanglais cistí dílse atá ann cheana á léiriú, is cosúil gur gá athrú a dhéanamh ar an reachtaíocht lena gcuirfí deireadh leis an oibleagáid atá ar údaráis réitigh ICDI a shocrú d'eintitis leachtaithe, i gcúinsí sonracha.

I gcás ina measann an t-údarás réitigh go gcáilíonn eintiteas atá ina chuid de ghrúpa réitigh mar eintiteas leachtaithe, bhainfí an sprioc amach go hindíreach maidir le heintitis leachtaithe a bhaint de raon feidhme an tsásra asbhainte le haghaidh ICDI inmheánach toisc nach ann do cheanglas ICDI ar leibhéal an eintitis sin (toisc nach mbeadh sé in ann a bheith ina chuid de scéim um eisiúint indíreach acmhainní a úsáidtear chun ceanglas ICDI inmheánach a chomhlíonadh), rud lena n-áiritheofaí comhleanúnachas idir na tograí.

Baineann réasúnaíocht den sórt céanna le cur i bhfeidhm an chórais réamhcheadaithe maidir le ceannach, fuascailt, aisíoc nó athcheannach dliteanas incháilithe, i gcás ina ndéantar eintitis leachtaithe a bhaint go nádúrtha de raon feidhme an chórais réamhcheadaithe toisc nach ann do cheanglas ICDI (toisc nach mbeadh dliteanais incháilithe ag an eintiteas leachtaithe ar a chlár comhardaithe, fiú dá gcomhlíonadh dliteanais áirithe na ceanglais incháilitheachta).

Mar sin féin, i gcás na n-eintiteas leachtaithe sin ar socraíodh a ICDI ar leibhéal ar mó é ná an méid ionsúcháin caillteanais (i.e. na ceanglais cistí dílse), ba cheart feidhm a bheith ag na rialacha atá ann cheana fós maidir le cinneadh ICDI a ghlacadh, maidir le réamhcheadú chun dliteanais incháilithe a cheannach, a fhuascailt, a aisíoc nó a athcheannach agus maidir le cuimsiú i raon feidhme an tslabhra nóiníní.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Tá an t-athbhreithniú spriocdhírithe ar fhorálacha sonracha a bhaineann le hoibríochtú an chreata um ICDI inmheánach, agus aird ar leith á tabhairt ar shaincheistanna cothroime iomaíochta idir struchtúir éagsúla grúpaí baincfeireachta agus ar an ualach riaracháin a laghdú le haghaidh eintitis áirithe a measann na húdaráis réitigh ina leith go bhféadfaí iad a fhoirceannadh go hinchreidte i gcás teipe.

Táthar ag súil go dtiocfaidh tairbhí as an athchóiriú atá beartaithe i ndáil le héifeachtacht an chreata, soiléireacht dhlíthiúil agus comhréireacht fheabhsaithe na gceanglas.

Tá an t-athchóiriú neodrach ó thaobh na teicneolaíochta de agus níl tionchar aige ar ullmhacht dhigiteach.

- **Ceartha bunúsacha**

Tá an tAontas tiomanta d'ardchaighdeán i dtaca le cosaint na gcearta bunúsach agus tá raon leathan coinbhinsiún maidir le ceartha an duine sínithe aige. Sa chomhthéacs sin, comhlíonann an togra na ceartha sin, a liostaítear i bpríomhchoinbhinsiúin na Náisiún Aontaithe maidir le ceartha an duine, i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, atá ina dlúthchuid de Chonarthaí an Aontais, agus sa Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine.

4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Níl impleachtaí ag baint leis an togra seo do bhuiséad an Aontais.

5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Leis an togra, ceanglaítear ar na Ballstáit na leasuithe ar BRRD a thrasú ina ndlíthe náisiúnta laistigh de 6 mhí ó theacht i bhfeidhm na Treorach leasaithí. Ba cheart feidhm a bheith ag na leasuithe ar an Rialachán maidir le SRA an tráth céanna.

Leis na hathruithe a thugtar isteach in Airteagal 45i(4), ba cheart go dtreiseofaí an tuairisciú d'údaráis réitigh ó eintitis leachtaithe ar mó a ICDI ná an méid is gá le haghaidh ionsúchán caillteanais agus, dá bhrí sin, leanfaidh siad de bheith faoi réir cinneadh ICDI, lena gcumhdaítear méid agus comhdhéanamh a n-acmhainneachta i dtaca le ICDI.

6. MÍNIÚ MIONSONRAITHE AR FHORÁLACHA SONRACHA AN TOGRA

ICDI le haghaidh eintitis leachtaithe

Cuirtear sainmhíniú nua isteach in Airteagal 2(1), pointe (83aa), de BRRD agus in Airteagal 3(1)(24aa) den Rialachán maidir le SRA, ar dá réir ba cheart tagairtí do 'eintitis leachtaithe' a thuiscint mar thagairtí d'eintitis a ndéantar foráil ina bpleananna réitigh maidir leis an bhfoirceannadh faoi seach ar bhealach ordúil i gcomhréir leis an dlí náisiúnta is infheidhme i gcás teipe.

Chun laghdú ar an ualach rialála a bhaint amach agus, an tráth céanna, an deis a chaomhnú do na húdaráis réitigh ICDI a chinneadh fós le haghaidh eintitis leachtaithe i gcásanna eisceachtúla áirithe, cuirtear mír 2a nua in ionad an dara fomhír agus an tríú fomhír d'Airteagal 45c(2), lena leagtar síos an riail ghinearálta nua nár cheart d'údaráis réitigh ICDI a chinneadh d'eintitis leachtaithe. Tugtar leasuithe comhchosúla isteach in Airteagal 12d den Rialachán maidir le SRA, tríd an dara fomhír agus an tríú fomhír de mhír 2 a scriosadh agus mír 2a nua a chur isteach.

Caomhnaítear an deis atá ag an údarás réitigh ICDI a chinneadh, i.e. ceanglas a shocrú os cionn an mhéid ionsúcháin caillteanais, i gcás inar gá sin chun an chobhsaíocht airgeadais a chosaint nó chun tógáil a d'fhéadfadh a bheith ar an gcóras airgeadais a theorannú, arb iad na critéir atá ann cheana sa reachtaíocht atá i bhfeidhm faoi láthair.

I gcás ina measann an t-údarás réitigh go gcáilíonn eintiteas atá ina chuid de ghrúpa réitigh mar eintiteas leachtaithe, ba cheart an t-eintiteas leachtaithe a áireamh sa chomhdhlúthú a dhéantar chun críocha an íoscheanglais sheachtraigh le haghaidh cistí dílse agus dliteanais incháilithe is infheidhme maidir leis an eintiteas réitigh atá i gceannas an ghrúpa réitigh sin, mar a rinneadh go dtí seo.

Córas réamhcheadaithe a chur i bhfeidhm maidir le heintitis leachtaithe

Faoi mar a sheasann cúrsaí faoi láthair, na heintitis atá curtha in áirithe lena leachtú, tagann siad faoi raon feidhme an chórais réamhcheadaithe a leagtar amach in Airteagal 78a de CRR, de bhua na gcrostagairtí in Airteagail 45b(1) agus 45f(2) de BRRD, agus Airteagail 12c(1) agus 12g(1) den Rialachán maidir le SRA, do na comhchritéir incháilitheachta a shainítear in Airteagail 72a go 72c de CRR. Mar sin féin, tá na hoibleagáidí nós imeachta a chruthaítear leis an bhforáil seo díréireach i gcás thromlach na n-eintiteas leachtaithe, toisc nach meastar go sealbhóidh siad acmhainneacht ionsúcháin caillteanais os cionn a gceanglas cistí dílse. I gcás den sórt sin, ní ann don réasúnaíocht atá taobh thiar de na rialacha maidir le réamhcheadú – lena dtugtar de chumhacht do na húdaráis réitigh faireachán a dhéanamh ar na gníomhaíochtaí sin as a dtagann laghdú ar stoc na ndliteanas incháilithe. Thairis in, is ann do

chóras réamhcheadaithe ar leith cheana chun ionstraimí cistí dílse a fhuascailt go luath (Airteagal 78 de CRR) a leanfaidh d'fheidhm a bheith aige maidir le gach institiúid.

Chun an t-ualach rialála a laghdú d'eintitis leachtaithe nach mór dóibh iarratas a dhéanamh ar réamhheadú chun ionstraimí dliteanas incháilithe a laghdú, agus do na húdaráis nach mór dóibh measúnú a dhéanamh ar na hiarratais sin, foráiltear go sainráite le hAirteagal 45c(2a) de BRRD agus le hAirteagal 12d(2a) den Rialachán maidir le SRA nár cheart feidhm a bheith ag an gcóras réamhcheadaithe faoi Airteagail 77(2) agus 78a de CRR maidir le heintitis leachtaithe nár chinn an t-údarás réitigh ICDI ina leith. Mar sin féin, is é sin an toradh nádúrtha a bheadh ann dá gcuirfí deireadh le cinntí ICDI i leith na n-eintiteas leachtaithe sin, ós rud é nach mbeadh aon dliteanas incháilithe ar a gclár comhardaithe a thuilleadh in éagmais cinneadh ICDI, toisc nach mbeidís faoi réir ceanglas ICDI a thuilleadh.

Maidir le heintitis leachtaithe ar ghlac an t-údarás réitigh cinneadh ICDI ina leith a sháraíonn an méid ionsúcháin caillteanais, leanfaidh Airteagal 77(2) agus Airteagal 78a de CRR d'fheidhm a bheith acu.

Eintitis leachtaithe atá ina gcuid de struchtúir slabhra nóiníní

San anailís a rinneadh faoin sainordú le haghaidh athbhreithniú a tugadh isteach in Airteagal 129 de BRRD, thángthas ar an gconclúid maidir lena iomchuí atá sé eintitis leachtaithe a eisiamh ó raon feidhme na rialacha maidir le slabhraí nóiníní, nó le bheith níos sonraí, a iomchuí atá sé gan a cheangal a thuilleadh go ndéanfaidh eintiteas idirmheánach ionstraimí cistí dílse agus dliteanais eile atá ina sheilbh agus arna n-eisiúint ag eintitis leachtaithe nach ndearnadh cinneadh ICDI ina leith a asbhaint. Bheadh feidhm aige sin i gcás inar mheas an t-údarás réitigh, i gcomhthéacs na planála réitigh, go gcáilíonn eintiteas atá ina chuid de ghrúpa réitigh mar eintiteas leachtaithe.

I gcás den sórt sin, ní cheanglaítear a thuilleadh ar an eintiteas leachtaithe an ICDI a chomhlíonadh agus, dá bhrí sin, ní dhéantar acmhainní atá incháilithe i dtaca le ICDI inmheánach a shuibscríobh go hindíreach tríd an slabhra a bhunaigh an t-eintiteas réitigh, an t-eintiteas idirmheánach agus an t-eintiteas leachtaithe. I gcás teipe, níl sé beartaithe sa straitéis réitigh go dtacódh an t-eintiteas réitigh leis an eintiteas leachtaithe, rud a fhágann nach mbeadh coinne leis go ndéanfaidh an t-eintiteas leachtaithe caillteanais a réamhtheachtú chuig an eintiteas réitigh, tríd an eintiteas idirmheánach, ná go ndéanfaí caipiteal a iarthachtú an treo eile.

Dá bhrí sin, foráiltear go sainráite le hAirteagal 45c(2a) nua de BRRD agus le hAirteagal 12d(2a) den Rialachán maidir le SRA nár cheart don mháthaireintiteas idirmheánach sealúchais ionstraimí cistí dílse ná sealúchais dliteanas arna n-eisiúint ag eintitis leachtaithe nach mbeadh faoi réir cinneadh ICDI a asbhaint faoi rialacha asbhainte an tslabhra nóiníní. Dá thoradh sin, ní mór d'eintitis idirmheánacha a shealbhaíonn ionstraimí cistí dílse agus dliteanais arna n-eisiúint ag eintitis leachtaithe ualuithe riosca a chur i bhfeidhm maidir leis na neamhchosaintí sin agus iad a áireamh ina dtomhas neamhchosanta iomláine. Ós rud é go gcuirfear na neamhchosaintí sin san áireamh agus méid neamhchosanta iomláine ar riosca agus tomhas neamhchosanta iomláine an eintitis idirmheánaigh á ríomh, áirithítear leis sin go gceanglófar ar an eintiteas idirmheánach méid áirithe ICDI inmheánach a shealbhú lena léireofar na neamhchosaintí sin ar na heintitis leachtaithe.

Mar sin féin, na heintitis leachtaithe a bhfeidhmíonn údaráis réitigh a ndiscreíd ina leith maidir le ICDI a shocrú ag méid a sháraíonn na ceanglais cistí dílse, bheadh siad fós faoi raon feidhme rialacha asbhainte an tslabhra nóiníní.

Tuairisciú le haghaidh eintitis leachtaithe

Faoi Airteagal 45i(4) atá ann faoi láthair, ní cheanglaítear ar eintitis leachtaithe a n-íoscheanglas le haghaidh cistí dílse agus dliteanais incháilithe a thuairisciú don údarás réitigh, ná é a nochtadh go poiblí gan ban ar chalabrá a n-íoscheanglais le haghaidh cistí dílse agus dliteanais incháilithe.

Cruthaíonn sé sin fadhb d'údarais réitigh i gcásanna inar gá dóibh a mheas an mbeadh athrú straitéise iomchuí nó ar cheart an calabrá ICDI a mhéadú go dtí leibhéal níos airde ná an méid ionsúcháin caillteanais. Chun aghaidh a thabhairt ar an bhfadhb sin, tá údarais réitigh ag iarraidh ar na bainc sin faoi láthair tuairisciú simplithe a dhéanamh, nach bhfuil chomh casta agus chomh mionsonraithe ná mar a cheanglaítear i gcomhréir le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/763 ón gCoimisiún¹³ faoi Airteagal 45i de BRRD.

Dá bhrí sin, leasaítear Airteagal 45i chun córas tuairiscithe reachtúil a thabhairt isteach sa téacs dlíthiúil le haghaidh eintitis leachtaithe ar glacadh cinneadh ICDI ina leith (i.e. i gcás ina sáraíonn ICDI an méid ionsúcháin caillteanais).

I gcás eintitis leachtaithe nár cinneadh ICDI ina leith, caomhnaítear an *status quo* agus níl aon oibleagáid thiomnaithe maidir le tuairisciú nó nochtadh ICDI orthu. Ós rud é nach bhfuil aon athrú ar thuairisciú chun críoch pleanála réitigh agus, dá bhrí sin, go leanfaidh sé de bheith infheidhme maidir le gach eintiteas leachtaithe, bheadh na húdarais réitigh fós in ann an fhaisnéis ábhartha a fháil, e.g. chun a chinneadh an athrófar an straitéis atá beartaithe don eintiteas lena mbaineann nó don chalabrá ICDI faoi seach.

ICDI inmheánach comhdhlúite

San anailís a rinne an Coimisiún de bhun an chlásail athbhreithnithe a tugadh isteach le Rialachán (AE) 2022/2036, thángthas ar an gconclúid maidir lena iomchuí atá sé a cheadú d'eintitis idirmheánacha áirithe, atá ina gcuid de struchtúir *holdco* nó *opco*, ICDI inmheánach a chomhlíonadh ar bhonn comhdhlúite.

Sa bhreis ar na tairbhí a bhaineann le comhréireacht rialacha asbhainte an tslabhra nóiníní agus le híoslachdú aon difríochta cothroime iomaíochta idir cineálacha éagsúla struchtúr de ghrúpaí baincéireachta, meastar go mbeidh sé úsáideach freisin, ar na cúiseanna seo a leanas, síneadh a chur leis an deis ICDI inmheánach a chomhlíonadh ar bhonn comhdhlúite:

- Éascaítear leis calabrá ICDI inmheánach do na fochuideachtaí eintitis neamhréitigh sin a bhfuil a gceanglais cistí dílse breise (Airteagal 104a de CRD) agus a gceanglas maoláin chomhcheangailte acu (Airteagal 128, pointe (6), de CRD) a shocraítear ar bhonn comhdhlúite amháin;
- Soiléirítear leis cur i bhfeidhm na cumhachta chun toirmeasc a chur ar dháileacháin áirithe os cionn an Uasmhéid Indáilte a bhaineann le ICDI (M-MDAnna – Airteagal 16a de BRRD agus Airteagal 10a den Rialachán maidir le SRA) i ndáil leis na fochuideachtaí sin ar socraíodh a gceanglas maoláin chomhcheangailte ar leibhéal comhdhlúite;

¹³ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/763 ón gCoimisiún an 23 Aibreán 2021 lena leagtar síos caighdeán theicniúla cur chun feidhme maidir le cur chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir 2014/59/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le tuairisciú maoirseachta agus nochtadh poiblí an íoscheanglais le haghaidh cistí dílse agus dliteanais incháilithe (IO L 168, 12.5.2021, lgh. 1-83).

- Áirithítear leis go bhfuil acmhainneacht inmheánach leordhóthanach réamhshuite ag an bhfochuideachta ionas go mbeidh sí in ann, i gcás teipe, a caillteanais a iompar agus comhlíontacht lena ceanglais cistí dílse chomhdhlúite a athbhunú.

Dá bhrí sin, leasaítear Airteagal 45f(1) de BRRD agus Airteagal 12g(1) den Rialachán maidir le SRA chun an chumhacht lánroghnach a thabhairt don údarás réitigh ICDI inmheánach a shocrú ar bhonn comhdhlúite d'fhochuideachta eintitis réitigh. Tá an deis sin ar fáil gan beann ar chineál struchtúr an ghrúpa baincéireachta lena mbaineann an t-eintiteas idirmheánach sin.

Tá an deis sin faoi réir trí choimirce thábhachtacha. Ar an gcéad dul síos, i gcás struchtúir *holdco*, ba cheart an t-eintiteas idirmheánach a bheith ar an aon fho-institiúid dhíreach nó ar an aon fho-eintiteas díreach faoi raon feidhme BRRD nó an Rialachán maidir le SRA, de réir mar is ábhartha, de chuid eintitis réitigh máthairchuideachta sealbhaíochta airgeadais de chuid an Aontais nó máthairchuideachta sealbhaíochta airgeadais mheasctha de chuid an Aontais é. Áirithítear leis sin nach bhfuil an deis ar fáil ach do na struchtúir *holdco* sin a ndéanann a n-eintiteas idirmheánach neamhchosaintí inghrúpa a lárú. De rogha air sin, i gcás cineálacha eile struchtúr de ghrúpaí baincéireachta, ní mór an ceanglas cistí dílse breise agus an ceanglas maoláin chomhcheangailte is infheidhme maidir leis an bhfochuideachta nach eintiteas réitigh é a bheith socraithe ag an údarás inniúil ar an mbonn comhdhlúite céanna. Ar an dara dul síos, ba cheart an t-eintiteas réitigh agus an t-eintiteas idirmheánach a bheith bunaithe sa Bhallstát céanna agus ba cheart iad a bheith ina gcuid den ghrúpa réitigh céanna. Ar an tríú dul síos, ní mór é a bheith cinnte ag an údarás réitigh nach ndéantar difear diúltach ar bhealach suntasach d'inréiteacht an ghrúpa réitigh lena mbaineann an fhochuideachta, ná do chur i bhfeidhm na gcumhachtaí díluachála agus comhshó maidir leis an bhfochuideachta sin nó le heintitis eile sa ghrúpa réitigh céanna, mar gheall ar chomhlíontacht le ICDI inmheánach ar bhonn comhdhlúite. Leis an gcoinníoll deireanach sin, mar shampla, cheadófaí don údarás réitigh gan ICDI inmheánach a shocrú ar bhonn comhdhlúite sna cásanna sin ina mbeadh na ceanglais aonair is infheidhme maidir leis an bhfochuideachta níos airde.

Trí ICDI inmheánach a shocrú ar bhonn comhdhlúite, cuirtear deireadh leis an deis atá ag an údarás réitigh ICDI inmheánach a shocrú ar bhonn aonair don eintiteas céanna sin. Tá sé sin comhsheasmhach leis na hathruithe a tugadh isteach i gcreat ICDI le BRRD II agus leis an Rialachán maidir le SRA II, nach gceadaítear leo a thuilleadh ICDI a shocrú ar bhonn iolrach i ndáil leis an eintiteas céanna. Níor cheart é sin a mheas mar tharscaoileadh a théann chun tairbhe don eintiteas lena mbaineann, toisc go gceanglófar fós ICDI a chomhlíonadh, ach ar bhonn eile.

Rud atá tábhachtach, ní hionann an deis a thugtar isteach anois in Airteagal 45f(1) de BRRD agus Airteagal 12g(1) den Rialachán maidir le SRA agus tarscaoileadh i dtaca le ICDI inmheánach a dheonú d'fhochuideachtaí an eintitis lena mbaineann. Níor cheart a bheith in ann tarscaoileadh i dtaca le ICDI inmheánach a dheonú ach amháin i gcás ina gcomhlíontar na coinníollacha atá ann cheana in Airteagal 45f(3) nó (4) de BRRD agus Airteagal 12h de an Rialachán maidir le SRA.

Maidir leis na hionstraimí a fhéadfaidh an fhochuideachta nach eintiteas réitigh í a úsáid chun a ICDI inmheánach comhdhlúite a chomhlíonadh, tá feidhm ag na rialacha ginearálta maidir le comhlíonadh ceanglas comhdhlúite agus na critéir incháilitheachta in Airteagal 45f de BRRD agus in Airteagal 12g den Rialachán maidir le SRA. Ina theannta sin, tugtar mír 2a nua isteach in Airteagal 45f de BRRD agus in Airteagal 12g den Rialachán maidir le SRA chun a shoiléiriú, i gcás ina ndearna na fochuideachtaí a áirítear i raon feidhme comhdhlúthaithe aon eintitis a gceanglaítear orthu ICDI inmheánach comhdhlúite a chomhlíonadh dliteanais incháilithe a eisiúint chuig eintitis eile den ghrúpa réitigh céanna ach atá lasmuigh de raon feidhme an chomhdhlúthaithe nó chuig scairshealbhóir atá ann cheana nach leis an ngrúpa

réitigh céanna é, go n-áireofar na dliteanais sin i méid chistí dílse agus dhliteanais incháilithe an eintitis idirmheánaigh, suas le teorainneacha áirithe. Leis sin, ceadófar eisiúintí díreacha acmhainní atá incháilithe i dtaca le ICDI inmheánach idir an fhochuideachta deiridh agus an t-eintiteas réitigh a áireamh i leith chomhlíonadh ICDI inmheánach comhdhlúite an eintitis idirmheánaigh. Leis an riail nua sin, áirithítear ailíniú le ríomh na gcistí dílse ar bhonn comhdhlúite agus tá sí cosúil leis an riail dá bhforáiltear in Airteagal 45b(3) de BRRD agus in Airteagal 12c(3) den Rialachán maidir le SRA is infheidhme maidir le ICDI seachtrach eintiteas réitigh. Ar an gcaoi chéanna, leis na teorainneacha dá bhforáiltear sna leasuithe seo, áirithítear nach féidir acmhainneacht bharrachais fhochuideachtaí na n-eintiteas idirmheánach sin a úsáid chun an ICDI inmheánach comhdhlúite faoi seach a chomhlíonadh.

Togra le haghaidh

TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

lena leasaítear Treoir 2014/59/AE agus Rialachán (AE) Uimh. 806/2014 a mhéid a bhaineann le gnéithe áirithe den íoscheanglas le haghaidh cistí dílse agus dliteanais incháilithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 114 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ón mBanc Ceannais Eorpach¹⁴,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa¹⁵,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Treoir (AE) 2019/879 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹⁶ agus le Rialachán (AE) 2019/877 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹⁷, leasáíodh an t-íoscheanglas le haghaidh cistí dílse agus dliteanais incháilithe ('ICDI') a leagtar amach i dTreoir 2014/59/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹⁸ agus i Rialachán (AE) Uimh. 806/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹⁹,

¹⁴ IO C , , lch. .

¹⁵ IO C , , lch. .

¹⁶ Treoir (AE) 2019/879 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2019 lena leasaítear Treoir 2014/59/AE a mhéid a bhaineann le hacmhainneacht ionsúcháin caillteanais agus acmhainneacht athchaipitliúcháin institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta agus Treoir 98/26/CE (IO L 150, 7.6.2019, lch. 296).

¹⁷ Rialachán (AE) 2019/877 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2019 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 806/2014 a mhéid a bhaineann le hacmhainneacht ionsúcháin caillteanais agus athchaipitliúcháin institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta (IO L 150, 7.6.2019, lch. 226).

¹⁸ Treoir 2014/59/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 lena mbunaítear creat um théarnamh agus réiteach na n-institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta agus lena leasaítear Treoir 82/891/CEE ón gComhairle, agus Treoracha 2001/24/CE, 2002/47/CE, 2004/25/CE, 2005/56/CE, 2007/36/CE, 2011/35/AE, 2012/30/AE agus 2013/36/AE, agus Rialacháin (AE) Uimh. 1093/2010 agus (AE) Uimh. 648/2012, ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 173, 12.6.2014, lch. 190).

¹⁹ Rialachán (AE) Uimh. 806/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Iúil 2014 lena mbunaítear rialacha aonfhoirmeacha agus nós imeachta aonfhoirmeach maidir le réiteach institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta áirithe faoi chuimsiú Sásra Réitigh Aonair agus Ciste Réitigh Aonair agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 (IO L 225, 30.7.2014, lch. 1).

íoscheanglas is infheidhme maidir le hinstitiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta (institiúidí) atá bunaithe san Aontas mar aon le haon eintiteas eile a thagann faoi raon feidhme Threoir 2014/59/AE nó Rialachán (AE) Uimh. 806/2014 (eintitis). I gcás ICDI is infheidhme maidir le hinstitiúidí agus eintitis ar fochuideachtaí d'eintitis réitigh iad ach nach eintitis réitigh iad féin, foráiltear leis na leasuithe sin go bhféadfaidh na heintitis sin ICDI inmheánach a chomhlíonadh trí úsáid a bhaint as ionstraimí arna n-eisiúint don eintiteas réitigh agus arna gceannach aige go díreach nó go hindíreach trí eintitis eile sa ghrúpa réitigh céanna.

- (2) Rinneadh tuilleadh leasuithe ar chreat ICDI an Aontais le Rialachán (AE) 2022/2036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle²⁰, lenar tugadh isteach rialacha asbhainte sonracha maidir le suibscríobh indíreach ionstraimí atá incháilithe leis an ICDI inmheánach a chomhlíonadh. Leis an Rialachán sin, tugadh isteach i dTreoir 2014/59/AE an ceanglas atá ar an gCoimisiún athbhreithniú a dhéanamh an tionchar a bhíonn ag suibscríobh indíreach ionstraimí atá incháilithe leis an ICDI a chomhlíonadh ar an gcothrom iomaíochta idir cineálacha éagsúla struchtúr de ghrúpaí baincéireachta, lena n-áirítear i gcás ina bhfuil cuideachta oibriúcháin ag grúpaí baincéireachta idir an chuideachta shealbhaíochta a shaináithnítear mar eintiteas réitigh agus a fochuideachtaí. Iarradh ar an gCoimisiún a mheas ar cheart eintitis nach eintitis réitigh iad féin a bheith in ann ICDI a chomhlíonadh ar bhonn comhdhlúite. Thairis sin, iarradh ar an gCoimisiún meastóireacht a dhéanamh ar láimhseáil eintiteas, faoi na rialacha lena rialaítear an ICDI, ar eintitis iad a bhforáiltear lena bplean réitigh go ndéanfar iad a fhoirceannadh faoi ghnáthimeachtaí dócmhainneachta ('eintitis leachtaithe'). Ar deireadh, iarradh ar an gCoimisiún meastóireacht a dhéanamh ar a iomchuí a bheadh sé teorainn a chur le méid na n-asbhaintí a cheanglaítear de bhun Airteagal 72e(5) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle²¹.
- (3) Thángthas ar an gconclúid san athbhreithniú a rinne an Coimisiún go mbeadh sé iomchuí agus comhréireach i ndáil leis na cuspóirí a shaothraítear leis na rialacha maidir le ICDI inmheánach cead a thabhairt d'údarais réitigh ICDI inmheánach a shocrú ar bhonn comhdhlúite i gcás raon eintiteas atá níos leithne ná an raon a eascraíonn as cur i bhfeidhm Threoir 2014/59/AE agus Rialachán (AE) Uimh. 806/2014, i gcás ina gcumhdaítear leis an raon níos leithne sin institiúidí agus eintitis nach eintitis réitigh iad féin, ach ar fochuideachtaí iad d'eintitis réitigh agus a rialaíonn fochuideachtaí ar a gconlán féin atá faoi réir ICDI ('eintitis idirmheánacha'). B'amhlaidh sin go háirithe i gcás na ngrúpaí baincéireachta sin a bhfuil cuideachta shealbhaíochta i gceannas orthu. I gcásanna den sórt sin, is iad na heintitis idirmheánacha a dhéanann neamhchosaintí inghrúpa a lárú go nádúrtha agus a threoraíonn na hacmhainní atá incháilithe i dtaca le ICDI inmheánach arna réamhshuí ag an eintiteas réitigh. Mar gheall ar an struchtúr sin, bheadh tionchar díréireach ag na rialacha asbhainte ar eintitis idirmheánacha den sórt sin. Tháinig an Coimisiún ar an

²⁰ Rialachán (AE) 2022/2036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Deireadh Fómhair 2022 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 agus Treoir 2014/59/AE a mhéid a bhaineann le láimhseáil stuamachta institiúidí domhanda a bhfuil tábhacht shistéamach leo agus a bhfuil straitéis réitigh ilphointí iontrála acu mar aon le modhanna le haghaidh ionstraimí a shuibscríobh go hindíreach atá incháilithe chun an t-íoscheanglas maidir le cistí dílse agus dliteanais incháilithe a chomhlíonadh (IO L 275, 25.10.2022, lch. 1).

²¹ Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le ceanglais stuamachta i gcomhair institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 (IO L 176, 27.6.2013, lch. 1).

gconclúid freisin go mbeadh an creat ICDI níos comhréirí trí eisiúintí na n-eintiteas leachtaithe a bhaint de raon feidhme na neamhchosaintí a cheanglaítear ar eintiteas idirmheánach a asbhaint de bhun an tsásra asbhainte le haghaidh suibscríobh indíreach acmhainní atá incháilithe i dtaca le ICDI inmheánach. Ní bheidh ar an eintiteas réitigh tacú le heintiteas leachtaithe i gcás teipe agus, ar an gcaoi sin, cuirtear deireadh leis an ngá aon sásraí aistrithe caillteanais agus caipitil a choimirciú laistigh de ghrúpaí réitigh, arbh é sin cuspóir na rialacha asbhainte a tugadh isteach le Rialachán (AE) 2022/2036. Os a choinne sin, beidh ar an eintiteas réitigh tacú leis na heintitis eile sa ghrúpa réitigh i gcás anáis nó teipe. Ba cheart, dá bhrí sin, na hacmhainní ICDI is gá a bheith ann ar gach leibhéal den ghrúpa réitigh agus ba cheart a áirithiú go mbeidh siad ar fáil le haghaidh ionsúchán caillteanais agus athchaipitliúcháin tríd an sásra asbhainte. Dá bhrí sin, thángthas ar an gconclúid san athbhreithniú a rinne an Coimisiún gur cheart d'eintitis idirmheánacha leanúint de mhéid iomlán a sealúchas d'acmhainní atá incháilithe i dtaca le ICDI inmheánach arna n-eisiúint ag eintitis neamhleachtaithe eile sa ghrúpa réitigh céanna a asbhaint.

- (4) Faoi Airteagal 45f de Threoir 2014/59/AE agus Airteagal 12g de Rialachán (AE) Uimh. 806/2014, comhlíonfaidh institiúidí agus eintitis ICDI inmheánach ar bhonn aonair. Ní cheadaítear comhlíonadh ar bhonn comhdhlúite ach in dhá chás shonracha: i gcás máthairghnóthais de chuid an Aontais nach eintitis réitigh iad agus ar fochuideachtaí iad d'eintitis tríú tír, agus i gcás máthairghnóthais de chuid institiúidí nó eintitis a tarscaoileadh ó ICDI inmheánach. De bhun Airteagal 72e(5) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, i gcás ina gcomhlíonfaidh eintiteas idirmheánach a ICDI ar bhonn comhdhlúite, ní bheidh sé d'oibleagáid ar an eintiteas sin sealúchais d'acmhainní atá incháilithe i dtaca le ICDI inmheánach a asbhaint, ar sealúchais de chuid eintitis eile a bhaineann leis an ngrúpa réitigh céanna iad agus a áirítear ina imlíne chomhdhlúthaithe, ós rud é go mbaintear éifeacht chomhchosúil amach trí ICDI inmheánach a chomhlíonadh ar bhonn comhdhlúite. Léiríodh san athbhreithniú a rinne an Coimisiún gur cheart d'eintitis idirmheánacha de ghrúpaí baincéireachta a bhfuil cuideachta shealbhaíochta i gceannas orthu a bheith in ann an ICDI inmheánach a chomhlíonadh ar bhonn comhdhlúite. Thairis sin, léiríodh san athbhreithniú go bhféadfadh sé, i gcás ina bhfuil an t-eintiteas idirmheánach faoi réir ceanglais cistí dílse nó ceanglas maoláin chomhcheangailte ar bhonn comhdhlúite, go gcruthófaí riosca dá gcomhlíonfaí an ICDI inmheánach ar bhonn comhdhlúite, is é sin riosca nach leordhóthanach na hacmhainní atá incháilithe i dtaca le ICDI inmheánach arna réamhshuí ar leibhéal an eintitis idirmheánaigh chun comhlíontacht leis an gceanglas cistí dílse comhdhlúite is infheidhme a athbhunú tar éis dhíluacháil agus chomhshó na n-acmhainní sin atá incháilithe i dtaca le ICDI inmheánach. Ina theannta sin, bheadh ionchur tábhachtach i ríomh an ICDI don institiúid nó don eintiteas lena mbaineann in easnamh i gcás inar socraíodh an ceanglas cistí dílse breise nó an ceanglas maoláin chomhcheangailte ar leibhéal éagsúil comhdhlúthaithe, rud a d'fhágfadh go mbeadh sé dúshlánach an ceanglas a ríomh. Ar an gcaoi chéanna, tagann dúshlán chun cinn maidir le feidhmiú chumhacht na n-údarás réitigh toirmeasc a chur, i gcomhréir le hAirteagal 16a de Threoir 2014/59/AE agus Airteagal 10a de Rialachán (AE) Uimh. 806/2014, ar dháileacháin áirithe os cionn an uasmhéid indáilte a bhaineann leis an ICDI i leith na fochuideachta aonair i gcás nach socraítear an príomh-mhéadrach, is é sin an ceanglas maoláin chomhcheangailte, ar an mbonn céanna leis an ICDI inmheánach. Ar na cúiseanna sin, ba cheart an deis ICDI inmheánach a chomhlíonadh ar bhonn comhdhlúite a bheith ar fáil freisin do chineálacha eile struchtúr de ghrúpaí baincéireachta, i gcás ina bhfuil an t-eintiteas idirmheánach faoi réir ceanglas cistí dílse nó ceanglas maoláin chomhcheangailte ar bhonn comhdhlúite.

- (5) Chun a áirithiú nach mbeidh an deis maidir le ICDI a chomhlíonadh ar bhonn comhdhlúite ar fáil ach amháin sna cásanna ábhartha a sainaithníodh san athbhreithniú a rinne an Coimisiún agus nach mbeidh ganntanas acmhainní atá incháilithe i dtaca le ICDI inmheánach ar fud an ghrúpa réitigh mar thoradh air, ba cheart an chumhacht ICDI inmheánach a shocrú ar bhonn comhdhlúite i gcás eintitis idirmheánacha a bheith ina cumhacht lánroghnach de chuid an údaráis réitigh agus ba cheart í a bheith faoi réir coinníollacha áirithe. Ba cheart an t-eintiteas idirmheánach a bheith ar an aon fho-chuideachta dhíreach, ar institiúid nó eintiteas é, de chuid eintiteas réitigh atá ina mháthairchuideachta sealbhaíochta airgeadais de chuid an Aontais nó ina mháthairchuideachta sealbhaíochta airgeadais mheasctha de chuid an Aontais, atá bunaithe sa Bhallstát céanna agus atá ina chuid den ghrúpa réitigh céanna. De rogha air sin, ba cheart don eintiteas idirmheánach an ceanglas cistí dílse breise nó an ceanglas maoláin chomhcheangailte a chomhlíonadh ar bhonn a staide comhdhlúite. Sa dá chás sin, áfach, níor cheart, i measúnú an údaráis réitigh, tionchar diúltach a bheith ag comhlíontacht leis an ICDI inmheánach ar bhonn comhdhlúite ar bhealach suntasach ar inréiteacht an ghrúpa réitigh lena mbaineann, ná ar chur i bhfeidhm na cumhachta, ag an údarás réitigh, ionstraimí caipitil ábhartha agus dliteanais incháilithe de chuid an eintitis idirmheánaigh lena mbaineann nó de chuid eintitis eile atá ina ghrúpa réitigh a dhíluacháil nó a chomhshó.
- (6) De bhun Airteagal 45f(2) de Threoir 2014/59/AE agus Airteagal 12g(2) de Rialachán (AE) Uimh. 806/2014, féadfaidh eintitis idirmheánacha an ICDI inmheánach comhdhlúite a chomhlíonadh trí chistí dílse agus dliteanais incháilithe a úsáid. Chun a áirithiú go mbeidh an deis ann ICDI a chomhlíonadh ar bhonn comhdhlúite, is gá a áirithiú go ndéanfar dliteanais incháilithe eintiteas idirmheánach a ríomh ar bhealach atá cosúil le ríomh na gcistí dílse. Dá bhrí sin, na critéir incháilitheachta le haghaidh dliteanais incháilithe a fhéadfar a úsáid chun ICDI inmheánach a chomhlíonadh ar bhonn comhdhlúite, ba cheart iad a ailíniú leis na rialacha maidir le ríomh na gcistí dílse comhdhlúite a leagtar síos i Rialachán (AE) Uimh. 575/2013. Chun comhsheasmhacht leis na rialacha atá ann cheana maidir leis an ICDI seachtrach a áirithiú, ba cheart an t-ailíniú sin a bheith ina léiriú freisin ar na rialacha atá ann cheana a leagtar síos in Airteagal 45b(3) de Threoir 2014/59/AE agus in Airteagal 12d(3) de Rialachán (AE) Uimh. 806/2014 chun dliteanais incháilithe a ríomh a fhéadfaidh eintitis réitigh a úsáid chun a ICDI comhdhlúite a chomhlíonadh. Go háirithe, maidir le dliteanais incháilithe arna n-eisiúint ag fochuideachtaí an eintitis atá faoi réir ICDI inmheánach comhdhlúite agus atá i seilbh eintiteas eile de chuid an ghrúpa réitigh chéanna ach atá lasmuigh de raon feidhme an chomhdhlúthaithe, lena n-áirítear an t-eintiteas réitigh, nó atá i seilbh scairshealbhóirí atá ann cheana nach leis an ngrúpa réitigh céanna iad, is gá a áirithiú go gcuirfear iad san áireamh i gcistí dílse agus dliteanais incháilithe an eintitis atá faoi réir ICDI inmheánach comhdhlúite.
- (7) I gcás eintitis leachtaithe, bíonn an ICDI teoranta, de ghnáth, don mhéid is gá le haghaidh ionsúchán caillteanais, méid a chomhfhreagraíonn do na ceanglais cistí dílse. Sna cásanna sin, ní bhíonn aon cheanglas breise a bhaineann go díreach leis an gcreat réitigh i gceist leis an ICDI don eintiteas leachtaithe. Fágann sé sin gur féidir le heintiteas leachtaithe an ICDI a chomhlíonadh trí na ceanglais cistí dílse a chomhlíonadh agus nach mbíonn cinneadh tiomnaithe ón údarás réitigh lena gcinntear an ICDI ina rannchuidiú ar bhealach fóinteach le hinréiteacht eintiteas leachtaithe. Baineann go leor oibleagáidí nós imeachta le cinneadh den sórt sin d'údaráis réitigh agus do na heintitis leachtaithe, oibleagáidí nach dtagann tairbhe chomhfhreagrach astu ó thaobh inréiteacht fheabhsaithe de. Ar an gcúis sin, níor cheart d'údaráis réitigh ICDI a shocrú le haghaidh eintitis leachtaithe.

- (8) I gcás ina measann an t-údarás réitigh go gcáilíonn eintiteas atá ina chuid de ghrúpa réitigh mar eintiteas leachtaithe, níor cheart a cheangal ar eintitis idirmheánacha a sealúchais cistí dílse nó dliteanas eile a asbhaint óna n-acmhainneacht i dtaca le ICDI inmheánach, ar sealúchais iad a chomhlíonadh na coinníollacha maidir le comhlíontacht leis an ICDI inmheánach agus arna n-eisiúint ag eintitis leachtaithe. I gcás den sórt sin, ní cheanglaítear a thuilleadh ar an eintiteas leachtaithe an ICDI a chomhlíonadh agus, dá bhrí sin, ní dhéantar acmhainní atá incháilithe i dtaca le ICDI inmheánach a shuibscríobh go hindíreach tríd an slabhra a bhunaigh an t-eintiteas réitigh, an t-eintiteas idirmheánach agus an t-eintiteas leachtaithe. I gcás teipe, níl sé beartaithe sa straitéis réitigh go dtacódh an t-eintiteas réitigh leis an eintiteas leachtaithe. Fágann sé sin nach mbeadh coinne leis go ndéanfaí caillteanas a réamhtheachtú ón eintiteas leachtaithe chuig an eintiteas réitigh, tríd an eintiteas idirmheánach, ná go ndéanfaí caipiteal a iartheachtú an treo eile. Dá bhrí sin, an coigeartú sin ar raon feidhme na sealúchas atá le hasbhaint i gcomhthéacs shuibscríobh indíreach na n-acmhainní atá incháilithe i dtaca le ICDI inmheánach, ní dhéanadh sé difear d'fhóntacht stuamachta an chreata.
- (9) Is é príomhchuspóir an chórais réamhcheadaithe chun laghdú a dhéanamh ar ionstraimí dliteanas incháilithe a leagtar síos in Airteagail 77(2) agus 78a de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, córas is infheidhme freisin maidir le hinstitiúidí agus eintitis atá faoi réir an ICDI agus maidir leis na dliteanais a eisítear chun ICDI a chomhlíonadh, é a chur ar a gcumas do na húdaráis réitigh faireachán a dhéanamh ar na gníomhaíochtaí as a dtagann laghdú ar an stoc dliteanas incháilithe agus toirmeasc a chur ar aon ghníomhaíocht as a dtiocfadh laghdú thar leibhéal a mheasann na húdaráis réitigh a bheith leordhóthanach. I gcás nár ghlac an t-údarás réitigh cinneadh lena gcinntear an ICDI i leith institiúide nó eintitis, ní bhaineann an cuspóir sin le hábhar. Thairis sin, i gcás institiúidí nó eintitis nach bhfuil faoi réir cinneadh lena gcinntear an ICDI, ní bhíonn dliteanais incháilithe acu ar a gclár comhardaithe. Dá bhrí sin, níor cheart ceangal a bheith ar institiúidí ná ar eintitis nár glacadh aon chinneadh ina leith lena gcinntear an ICDI cead a fháil roimh ré ón údarás réitigh chun éifeacht a thabhairt do cheannach, fuascailt, aisíoc nó athcheannach dliteanas lena gcomhlíonfaí na ceanglais incháilitheachta le haghaidh ICDI.
- (10) Tá eintitis leachtaithe ann a sáraíonn an ICDI méid a gceanglas cistí dílse agus, ina gcás sin, ba cheart na húdaráis réitigh a bheith in ann an ICDI a shocrú. Ba cheart an ICDI sin a shocrú ag méid is mó ná an méid le haghaidh ionsúchán caillteanas i gcás ina measann na húdaráis réitigh go bhfuil gá leis an méid sin chun an chobhsaíocht airgeadais a chosaint nó chun aghaidh a thabhairt ar an riosca tógálachta don chóras airgeadais. Sna cásanna sin, ba cheart don eintiteas leachtaithe an ICDI a chomhlíonadh agus níor cheart é a dhíolmhú ón gcóras réamhcheadaithe a leagtar síos in Airteagal 77(2) agus 78a de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013. Maidir le haon eintiteas idirmheánach a bhaineann leis an ngrúpa réitigh céanna leis an eintiteas leachtaithe lena mbaineann, ba cheart a cheangal orthu fós a sealúchais d'acmhainní atá incháilithe i dtaca le ICDI inmheánach arna n-eisiúint ag an eintiteas leachtaithe sin a asbhaint óna n-acmhainneacht i dtaca le ICDI inmheánach. Ina theannta sin, ós rud é go dtarlaíonn imeachtaí leachtaithe ar leibhéal an eintitis dhlítheanaigh, ba cheart d'eintitis leachtaithe atá fós faoi réir ICDI an ceanglas a chomhlíonadh ar bhonn aonair amháin. Ar deireadh, maidir le ceanglais incháilitheachta áirithe a bhaineann le húinéireacht an dliteanais lena mbaineann, ní bhaineann siad le hábhartha toisc nach gá aistriú caillteanas agus caipitil ón eintiteas leachtaithe chuig eintiteas réitigh a áirithiú agus, dá bhrí sin, níor cheart feidhm a bheith acu.

- (11) De bhun Airteagal 45i de Threoir 2014/59/AE, ní mór d'institiúidí agus eintitis leibhéil na ndliteanas incháilithe agus na ndliteanas ar féidir tarrtháil inmheánach a thabhairt orthu, mar aon le comhdhéanamh na ndliteanas sin, a thuairisciú dá n-údaráis inniúla agus réitigh, agus an fhaisnéis sin a nochtadh don phobal, mar aon le leibhéal a n-íoscheanglas le haghaidh cistí dílse agus dliteanais incháilithe. I gcás eintitis leachtaithe, ní cheanglaítear aon tuairisciú ná nochtadh den sórt sin. Mar sin féin, chun cur i bhfeidhm trédhearcach an ICDI a áirithiú, ba cheart feidhm a bheith ag na hoibleagáidí tuairiscithe agus nochta sin freisin maidir le heintitis leachtaithe a gcinneann an t-údarás réitigh ina leith gur cheart an ICDI a bheith níos airde ná an méid is leordhóthanach chun caillteanais a ionsú. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, ba cheart don údarás réitigh a áirithiú nach rachaidh na hoibleagáidí sin thar a bhfuil riachtanach chun faireachán a dhéanamh ar chomhlíontacht leis an ICDI.
- (12) Dá bhrí sin, ba cheart Treoir 2014/59/AE agus Rialachán (AE) Uimh. 806/2014 a leasú dá réir.
- (13) Chun comhsheasmhacht a áirithiú, ba cheart feidhm a bheith ag na bearta náisiúnta lena dtrasuitear na leasuithe ar Threoir 2014/59/AE agus na leasuithe ar Rialachán (AE) Uimh. 806/2014 ón dáta céanna.
- (14) Ós rud é nach féidir cuspóirí na Treorach seo, mar atá coigeartú a dhéanamh ar láimhseáil na n-eintiteas leachtaithe faoin gcreat ICDI agus ar na deiseanna maidir leis an ICDI inmheánach a chomhlíonadh ar bhonn comhdhlúite, a bhaint amach go leordhóthanach ar leibhéal na mBallstát, ach gur fearr is féidir iad a bhaint amach ar leibhéal an Aontais, trí rialacha atá socraithe cheana ar leibhéal an Aontais a leasú, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta mar a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Treoir seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a ghnóthú,

TAR ÉIS AN TREOIR SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasuithe ar Threoir 2014/59/AE

Leasaítear Treoir 2014/59/AE mar a leanas:

- (1) in Airteagal 2(1), cuirtear an pointe seo a leanas (83aa) isteach:

‘(83aa) ciallaíonn ‘eintiteas leachtaithe’ duine dlítheanach atá bunaithe san Aontas dá bhforáiltear ina leith sa phlean réitigh grúpa nó, i gcás eintitis nach cuid de ghrúpa iad, sa phlean réitigh, go ndéanfar an t-eintiteas a fhoirceannadh ar bhealach ordúil i gcomhréir leis an dlí náisiúnta is infheidhme;’;
- (2) Leasaítear Airteagal 45c mar a leanas:
 - (a) i mír 2, scriostar an dara agus an tríú fomhír;
 - (b) cuirtear isteach an mhír 2a seo a leanas:

‘2a. Ní chinnfidh na húdaráis réitigh an ceanglas dá dtagraítear in Airteagal 45(1) d’eintitis leachtaithe.

De mhaolú ar an gcéad fomhír, agus i gcás inar gá chun na cuspóirí maidir le cobhsaíocht airgeadais a chosaint nó tógáil a d’fhéadfadh a bheith ann don

chóras airgeadais a theorannú, féadfaidh na húdaráis réitigh an ceanglas dá dtagraítear in Airteagal 45(1) a chinneadh i gcásanna eisceachtúla d'eintitis leachtaithe ar bhonn aonair ag an méid is leordhóthanach chun caillteanais a ionsú i gcomhréir le mír 2, pointe (a), den Airteagal seo, arna mhéadú go dtí an méid is gá chun na cuspóirí sin a bhaint amach. Sna cásanna sin, comhlíonfaidh eintitis leachtaithe an ceanglas dá dtagraítear in Airteagal 45(1) trí úsáid a bhaint as ceann amháin nó níos mó de na nithe seo a leanas:

- (a) cistí dílse;
- (b) dliteanais a chomhlíonann na critéir incháilitheachta dá dtagraítear in Airteagal 72a de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, seachas Airteagal 72b(2), pointí (b) agus (d), den Rialachán sin;
- (c) na dliteanais dá dtagraítear in Airteagal 45b(2).

Ní bheidh feidhm ag Airteagail 77(2) agus 78a de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 maidir le heintitis leachtaithe nár chinn an t-údarás réitigh an ceanglas dá dtagraítear in Airteagal 45(1) den Treoir seo ina leith.

Maidir le sealúchais ionstraimí cistí dílse nó dliteanas arna n-eisiúint ag fochuideachtaí ar eintitis leachtaithe iad nár chinn an t-údarás réitigh an ceanglas dá dtagraítear in Airteagal 45(1) ina leith, ní dhéanfar iad a asbhaint faoi Airteagal 72e(5) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.';

(3) Leasaítear Airteagal 45f mar a leanas:

- (a) i mír 1, cuirtear an ceathrú fomhír seo a leanas isteach:

‘De mhaolú ar an gcéad fhomhír agus ar an dara fomhír, féadfaidh na húdaráis réitigh a chinneadh an ceanglas a leagtar síos in Airteagal 45c a chinneadh ar bhonn comhdhlúite i leith fochuideachta dá dtagraítear sa mhír seo i gcás ina gcomhlíonfar gach ceann de na coinníollacha seo a leanas:

- (a) comhlíonann an fhochuideachta ceann de na coinníollacha seo a leanas:
 - (i) tá an fhochuideachta i seilbh dhíreach an eintitis réitigh agus:
 - is máthairchuideachta sealbhaíochta airgeadais de chuid an Aontais nó máthairchuideachta sealbhaíochta airgeadais mheasctha de chuid an Aontais é an t-eintiteas réitigh;
 - tá an fhochuideachta agus an t-eintiteas réitigh bunaithe sa Bhallstát céanna agus is cuid den ghrúpa réitigh céanna iad;
 - níl aon fho-institiúid ná aon fho-eintiteas dá dtagraítear in Airteagal 1(1), pointí (b), (c) nó (d), i seilbh dhíreach an eintitis réitigh, seachas an fhochuideachta lena mbaineann;
 - (ii) tá an fhochuideachta faoi réir an cheanglais dá dtagraítear in Airteagal 104a de Threoir 2013/36/AE nó faoi réir an cheanglais maoláin chomhcheangailte ar bhonn comhdhlúite;
- (b) ní dhéantar difear diúltach ar bhealach suntasach d'inríteacht an ghrúpa réitigh mar gheall ar chomhlíontacht leis an gceanglas a leagtar síos in Airteagal 45c ar bhonn comhdhlúite, ná do dhíluacháil ná comhshó, i gcomhréir le hAirteagal 59, ionstraimí caipitil ábhartha agus dliteanas incháilithe de chuid na fochuideachta lena mbaineann nó eintiteas eile sa ghrúpa réitigh céanna.';

(b) cuirtear isteach an mhír 2a seo a leanas:

‘2a. I gcás ina gcomhlíonann eintiteas dá dtagraítear i mír 1 an ceanglas dá dtagraítear in Airteagal 45(1) ar bhonn comhdhlúite, áireofar i méid chistí dílse agus dliteanais incháilithe an eintitis sin na dliteanais seo a leanas arna n-eisiúint i gcomhréir le mír 2, pointe (a), den Airteagal seo ag fochuideachta atá bunaithe san Aontas a áirítear i gcomhdhlúthú an eintitis sin:

- (a) dliteanais arna n-eisiúint don eintiteas réitigh agus arna gceannach ag an eintiteas sin, go díreach, nó go hindíreach trí eintitis eile sa ghrúpa réitigh céanna nach n-áirítear i gcomhdhlúthú an eintitis a chomhlíonann an ceanglas dá dtagraítear in Airteagal 45(1) ar bhonn comhdhlúite;
- (b) dliteanais arna n-eisiúint do scairshealbhóir atá ann cheana nach cuid den ghrúpa réitigh céanna é.

Na dliteanais dá dtagraítear sa chéad fhomhír, pointí (a) agus (b), ní bheidh siad níos mó ná an méid a chinnfear trí shuim na nithe uile seo a leanas a bhaint ó mhéid an cheanglais dá dtagraítear in Airteagal 45(1) is infheidhme maidir leis an bhfochuideachta a áirítear sa chomhdhlúthú:

- (a) na dliteanais arna n-eisiúint don eintiteas agus arna gceannach ag an eintiteas a chomhlíonann an ceanglas dá dtagraítear in Airteagal 45(1) ar bhonn comhdhlúite, go díreach, nó go hindíreach trí eintitis eile sa ghrúpa réitigh céanna a áirítear i gcomhdhlúthú an eintitis sin;
- (b) an méid cistí dílse a eisítear i gcomhréir le mír 2, pointe (b), den Airteagal seo.’;

(4) in Airteagal 45i, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

‘4. Ní bheidh feidhm ag míreanna 1 agus 3 maidir le heintitis leachtaithe seachas i gcás inar chinn an t-údarás réitigh an ceanglas dá dtagraítear in Airteagal 45(1) i leith an eintitis sin i gcomhréir le hAirteagal 45c(2a), an dara fomhír. Sa chás in, cinnfidh an t-údarás réitigh ábhar agus minicíocht na n-oibleagáidí tuairiscithe agus nochta dá dtagraítear i míreanna 5 agus 6 den Airteagal seo don eintiteas sin. Cuirfidh an t-údarás réitigh na hoibleagáidí tuairiscithe agus nochta sin in iúl don eintiteas leachtaithe lena mbaineann. Ní rachaidh na hoibleagáidí tuairiscithe agus nochta sin thar a bhfuil riachtanach chun faireachán a dhéanamh ar chomhlíontacht leis an gceanglas arna chinneadh de bhun Airteagal 45c(2a), an dara fomhír.’;

Airteagal 2

Leasuithe ar Rialachán (AE) Uimh. 806/2014

Leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 806/2014 mar a leanas:

(5) in Airteagal 3(1), cuirtear an pointe seo a leanas (24aa) isteach:

‘(24aa) ciallaíonn ‘eintiteas leachtaithe’ duine dlítheanach atá bunaithe i mBallstát rannpháirteach dá bhforáiltear ina leith sa phlean réitigh grúpa nó, i gcás eintitis nach cuid de ghrúpa iad, sa phlean réitigh, go ndéanfar an t-eintiteas a fhoirceannadh ar bhealach ordúil i gcomhréir leis an dlí náisiúnta is infheidhme;’;

(6) Leasaítear Airteagal 12d mar a leanas:

- (a) i mír 2, scriostar an dara agus an tríú fomhír;

- (b) cuirtear isteach an mhír 2a seo a leanas:

‘2a. Ní chinnfidh an Bord an ceanglas dá dtagraítear in Airteagal 12a(1) d’eintitis leachtaithe.

De mhaolú ar an gcéad fhomhír, agus i gcás inar gá chun na cuspóirí maidir le cobhsaíocht airgeadais a chosaint nó tógáil a d’fhéadfadh a bheith ann don chóras airgeadais a theorannú, féadfaidh an Bord an ceanglas dá dtagraítear in Airteagal 12a(1) a chinneadh i gcásanna eisceachtúla d’eintitis leachtaithe ar bhonn aonair ag an méid is leordhóthanach chun caillteanais a ionsú i gcomhréir le mír 2, pointe (a), den Airteagal seo, arna mhéadú go dtí an méid is gá chun na cuspóirí sin a bhaint amach. Sna cásanna sin, comhlíonfaidh eintitis leachtaithe an ceanglas dá dtagraítear in Airteagal 12a(1) trí úsáid a bhaint as ceann amháin nó níos mó de na nithe seo a leanas:

- (a) cistí dílse;
- (b) dliteanais a chomhlíonann na critéir incháilitheachta dá dtagraítear in Airteagal 72a de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, seachas Airteagal 72b(2), pointí (b) agus (d), den Rialachán sin;
- (c) na dliteanais dá dtagraítear in Airteagal 12c(2).

Ní bheidh feidhm ag Airteagail 77(2) agus 78a de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 maidir le heintitis leachtaithe nár chinn an t-údarás réitigh an ceanglas dá dtagraítear in Airteagal 12a(1) den Rialachán seo ina leith.

Maidir le sealúchais ionstraimí cistí dílse nó dliteanas arna n-eisiúint ag fochuideachtaí ar eintitis leachtaithe iad nár chinn an t-údarás réitigh an ceanglas dá dtagraítear in Airteagal 12a(1) ina leith, ní dhéanfar iad a asbhaint faoi Airteagal 72e(5) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.’;

- (7) Leasaítear Airteagal 12g mar a leanas:

- (a) i mír 1, cuirtear an ceathrú fomhír seo a leanas isteach:

‘De mhaolú ar an gcéad fhomhír agus ar an dara fomhír, féadfaidh an Bord a chinneadh an ceanglas a leagtar síos in Airteagal 12d a chinneadh ar bhonn comhdhlúite i leith fochuideachta dá dtagraítear sa mhír seo i gcás ina gcomhlíonfar gach ceann de na coinníollacha seo a leanas:

- (a) comhlíonann an fhochuideachta ceann de na coinníollacha seo a leanas:
 - (i) tá an fhochuideachta i seilbh dhíreach an eintitis réitigh agus:
 - is máthairchuideachta sealbhaíochta airgeadais de chuid an Aontais nó máthairchuideachta sealbhaíochta airgeadais mheasctha de chuid an Aontais é an t-eintiteas réitigh;
 - tá an fhochuideachta agus an t-eintiteas réitigh araon, bunaithe sa Bhallstát rannpháirteach céanna agus is cuid den ghrúpa réitigh céanna iad;
 - níl aon fhochuideachta dá dtagraítear in Airteagal 2 i seilbh dhíreach an eintitis réitigh, seachas an fhochuideachta lena mbaineann;
 - (ii) tá an fhochuideachta faoi réir an cheanglais dá dtagraítear in Airteagal 104a de Threoir 2013/36/AE nó faoi réir an cheanglais maoláin chomhcheangailte ar bhonn comhdhlúite;

- (b) ní dhéantar difear diúltach ar bhealach suntasach d'inríteacht an ghrúpa réitigh mar gheall ar chomhlíontacht leis an gceanglas a leagtar síos in Airteagal 12d ar bhonn comhdhlúite, ná do dhíluacháil ná comhshó, i gcomhréir le hAirteagal 21, ionstraimí caipitil ábhartha agus dliteanas incháilithe de chuid na hinstitiúide nó na fochuideachta lena mbaineann nó eintiteas eile sa ghrúpa réitigh céanna.';
- (b) cuirtear isteach an mhír 2a seo a leanas:
- ‘2a. I gcás ina gcomhlíonann eintiteas dá dtagraítear i mír 1 an ceanglas dá dtagraítear in Airteagal 12a(1) ar bhonn comhdhlúite, áireofar i méid chistí dílse agus dliteanais incháilithe an eintitis sin na dliteanais seo a leanas arna n-eisiúint i gcomhréir le mír 2, pointe (a), den Airteagal seo ag fochuideachta atá bunaithe san Aontas a áirítear i gcomhdhlúthú an eintitis sin:
- (a) dliteanais arna n-eisiúint don eintiteas réitigh agus arna gceannach ag an eintiteas sin, go díreach, nó go hindíreach trí eintitis eile sa ghrúpa réitigh céanna nach n-áirítear i gcomhdhlúthú an eintitis a chomhlíonann an ceanglas dá dtagraítear in Airteagal 12a(1) ar bhonn comhdhlúite;
- (b) dliteanais arna n-eisiúint do scairshealbhóir atá ann cheana nach cuid den ghrúpa réitigh céanna é.

Na dliteanais dá dtagraítear sa chéad fhomhír, pointí (a) agus (b), ní bheidh siad níos mó ná an méid a chinnfear trí shuim na nithe uile seo a leanas a bhaint ó mhéid an cheanglais dá dtagraítear in Airteagal 45(1) is infheidhme maidir leis an bhfochuideachta a áirítear sa chomhdhlúthú:

- (a) na dliteanais arna n-eisiúint don eintiteas agus arna gceannach ag an eintiteas a chomhlíonann an ceanglas dá dtagraítear in Airteagal 12a(1) ar bhonn comhdhlúite, go díreach, nó go hindíreach trí eintitis eile sa ghrúpa réitigh céanna a áirítear i gcomhdhlúthú an eintitis sin;
- (b) an méid cistí dílse a eisítear i gcomhréir le mír 2, pointe (b), den Airteagal seo.’.

Airteagal 3

Trasuí

Na dlíthe, na rialúcháin agus na forálacha riaracháin is gá chun Airteagal 1 a chomhlíonadh, déanfaidh na Ballstáit iad a ghlacadh agus a fhoilsiú faoin [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta = 6 mí tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach leasaithí seo] ar a dhéanaí. Cuirfidh siad téacs na bhforálacha sin in iúl don Choimisiún láithreach.

Cuirfidh na Ballstáit na forálacha sin i bhfeidhm ón [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta = 1 lá tar éis dháta trasuite na Treorach leasaithí seo].

Nuair a ghlacfaidh na Ballstáit na forálacha sin, beidh tagairt iontu don Treoir seo nó beidh tagairt den sórt sin ag gabháil leo tráth a bhfoilsithe oifigiúil. Is iad na Ballstáit a chinnfidh an bealach chun tagairt den sórt sin a dhéanamh.

Déanfaidh na Ballstáit téacs phríomhfhorálacha an dlí náisiúnta a ghlacfaidh siad sa réimse a chumhdaítear le hAirteagal 1 a chur in iúl don Choimisiún.

Airteagal 4

Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm

Tiocfaidh an Treoir seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a foilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm ag Airteagal 2 ón [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta = 1 lá tar éis dháta trasuite na Treorach leasaithí seo].

Beidh Airteagal 2 ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Airteagal 5

Seolaithe

Is chuig na Ballstáit a dhírítear an Treoir seo.

Arna dhéanamh in Strasbourg,

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa
An tUachtarán*

*Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán*